Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15557/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0394(COD)**

**CLIMA 641**
**ENV 1240**
**AGRI 690**
**FORETS 129**
**ENER 650**
**IND 526**
**COMPET 983**
**CODEC 1902**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 672 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 672 final.

Faoi iamh: COM(2022) 672 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 30.11.2022
COM(2022) 672 final

2022/0394 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin

{SEC(2022) 423 final} - {SWD(2022) 377 final} - {SWD(2022) 378 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Chun an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú go dtí méadú faoi bhun meánteocht 1. 5 Celsius (C), beidh gá le laghduithe móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) domhanda sna blianta amach romhainn. Chun sin a bhaint amach, ar an gcéad dul síos ní mór dúinn feabhas a chur ar éifeachtúlacht ár bhfoirgneamh, ár modhanna iompair agus ár dtionscal, aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus fuinneamh in-athnuaite a mhéadú go mór. Ar an dara dul síos, ní mór dúinn carbón a athchúrsáil ó shruthanna dramhaíola, ó fhoinsí inbhuanaithe bithmhaise nó go díreach ón atmaisféar, chun é a úsáid in ionad carbón iontaise in earnálacha de chuid an gheilleagair a bheidh fós spleách ar charbón, mar shampla trí ghabháil agus úsáid carbóin (CCU) agus trí bhreoslaí sintéiseacha inbhuanaithe. Ag an am céanna, ní mór méideanna breise dé-ocsaíde carbóin ($CO_2$) a ghabháil agus a aistriú ón atmaisféar gach bliain trí fheirmeoireacht carbóin agus trí ghníomhaíochtaí tionsclaíocha aistrithe nó tionscadail chun earnálacha a bhfuil sé deacair srian a chur ar astaíochtaí iontu, amhail talmhaíocht, stroighin, cruach, eitlíocht nó muiriompar a chúiteamh, d'fhonn aeráidneodracht a bhaint amach.

Ar an scála domhanda, léirítear sa tuarascáil is déanaí[1] ón bPainéal Idir-rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) nach dócha go ndéanfaí an téamh domhanda a theorannú go 1.5 C ach amháin má tharlaíonn laghduithe tapa ar astaíochtaí GCT. Luaitear go soiléir sa tuarascáil ó IPCC go bhfuil ' sé dosheachanta aistriú dé-ocsaíde carbóin chun astaíochtaí iarmharacha a bhfuil sé deacair srian a chur orthu a fhrithchothromú má tá astaíochtaí $CO_2$ nó GCT le baint amach'. Ciallóidh sé sin gníomhaíochtaí inbhuanaithe a úsáid ar mhórscála chun $CO_2$ a ghabháil ón atmaisféar agus chun é a stóráil go marthanach i dtaiscumair gheolaíocha, in éiceachórais talún agus mhuirí, nó i dtáirgí.

Foráiltear leis an Dlí Aeráide Eorpach[2] go dtiocfaidh an tAontas chun a bheith aeráidneodrach faoi 2050. Chuige sin, ní mór astaíochtaí GCT a laghdú go mór, agus ba cheart na hastaíochtaí agus na haistrithe dosheachanta a chothromú laistigh den Aontas Eorpach faoi 2050 ar a dhéanaí, agus é mar aidhm leis astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, ba cheart go rannchuideodh éiceachórais nádúrtha agus gníomhaíochtaí tionsclaíocha araon le roinnt céad milliún tona $CO_2$ a bhaint as an atmaisféar in aghaidh na bliana. Sa lá atá inniu ann agus leis na beartais atá ann faoi láthair, níl an tAontas ar an gconair cheart chun na cainníochtaí sin a bhaint amach: tá aistrithe carbóin in éiceachórais nádúrtha ag laghdú le blianta beaga anuas agus níl aon aistriú carbóin thionsclaíoch suntasach ar siúl faoi láthair san Aontas.

I gcomhréir leis na cásanna a ndearna IPCC measúnú orthu, d'fhógair an Coimisiún Eorpach sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[3] ó mhí an Mhárta 2020 go bhforbróidh sé creat deimhniúcháin éifeachtach maidir le haistrithe carbóin a dheimhniú chun glacadh aistrithe carbóin a dhreasú agus chun ciorclaíocht an charbóin a mhéadú, agus lánurraim á tabhairt do chuspóirí na bithéagsúlachta agus do na cuspóirí maidir le truailliú nialasach.

[1] Meitheal III de IPCC (2022), Achoimre Theicniúil. I: Climate Change 2022 [Athrú Aeráide 2022]: Athrú Aeráide a Mhaolú. An Séú Tuarascáil Mheasúnachta.

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[3] COM/2020/98 final.

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an tionscnaimh seo: (i) chun ardcháilíocht aistrithe carbóin san Aontas a áirithiú, agus (ii) chun córas deimhniúcháin rialachais de chuid an Aontais a bhunú chun snas glas a sheachaint trí chritéir chreat cáilíochta an Aontais a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú i gceart ar bhealach iontaofa agus comhchuibhithe ar fud an Aontais. Tá gá leis na gníomhaíochtaí sin chun tús a chur le húsáid aistrithe carbóin agus chun aon bheartas a bheidh ann amach anseo sa réimse sin a fhorbairt, i bhfianaise an ghá atá ann na céadta milliún tona $C0_2$ a bhaint in aghaidh na bliana. Tacóidh sé sin le baint amach chuspóir 2050 maidir le haeráidneodracht a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, chomh maith leis na cuspóirí comhshaoil eile de chuid na Teachtaireachta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip[4].

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Faoin togra le haghaidh leasú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (LULUCF)[5], mhol an Coimisiún Eorpach – den chéad uair – sprioc ar leithligh maidir le glan-aistrithe talamhbhunaithe de -310 milliún tona de choibhéis $CO_2$ faoi 2030. Tá an sprioc uile-Aontais le cur chun feidhme trí spriocanna náisiúnta ceangailteacha maidir le hearnáil LULUCF, lena gceanglaítear ar na Ballstáit dlús a chur leis an uaillmhian dá mbeartais maidir le húsáid talún. Leis an togra seo is féidir tacaíocht níos éifeachtaí agus níos toradh-bhunaithe a dhíriú ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin lenar féidir rannchuidiú leis an sprioc sin a bhaint amach. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin méid an Chiste don Nuálaíocht[6] a mhéadú, ciste a mhaoinítear leis an ioncam ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (EU ETS)[7], rud a chuideoidh le gnólachtaí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glana nuálacha, lena n-áirítear iad siúd lena ngintear aistrithe carbóin.

I dTeachtaireacht 2021 ón gCoimisiún maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe[8], leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé samhail ghnó a chumasú lena dtugtar luach saothair do bhainisteoirí talún as ceapadh carbóin agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail éiceolaíocha (i.e. 'feirmeoireacht carbóin'), agus a thábhachtaí atá sé margadh inmheánach AE a chruthú chun $CO_2$ a ghabháil, a úsáid, a stóráil agus a iompar trí theicneolaíochtaí nuálacha. Sainítear sa teachtaireacht freisin plean gníomhaíochta chun na spriocanna uaillmhianacha seo a leanas maidir le haistrithe carbóin a bhaint amach: faoi 2028, ba cheart rochtain a bheith ag gach bainisteoir talún ar shonraí fíoraithe astaíochtaí agus aistrithe chun cleachtais feirmeoireachta carbóin a thomhas, agus ba cheart an $CO2_2$ uile a ghabhtar, a iompraítear, a úsáidtear agus a stóráiltear trí ghníomhaíochtaí tionsclaíocha a thuairisciú agus a chur san áireamh; faoi 2030, ba cheart go rannchuideodh cuir chuige feirmeoireachta carbóin chun sprioc LULUCF 310 Mt de choibhéis $CO_2$ de ghlan-aistrithe a bhaint amach; agus ba cheart do theicneolaíochtaí tionsclaíocha 5 Mt de choibhéis $CO_2$ a aistriú ar bhonn bliantúil faoi 2030.

Tá an togra seo i gcomhréir leis na Tograí deiridh den Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[9], go háirithe Togra 1 arb é is aidhm dó go sainráite 'Deimhniú aistrithe carbóin a thabhairt isteach, bunaithe ar chuntasaíocht carbóin láidir dhaingean agus thrédhearcach' (beart 5).

[4] COM(2019) 640 final
[5] COM(2021) 554 final.
[6] C(2019) 1492 final.
[7] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).
[8] COM/2021/800 final.
[9] Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, Tuarascáil ar an toradh deiridh, Bealtaine 2022.

Thairis sin, fógraíodh i dTeachtaireacht 2022 maidir le Glasú an Choimisiúin[10], sa bhreis ar an tacar uaillmhianach gníomhaíochtaí chun GCT a laghdú, go mbeidh ar an gCoimisiún brath ar aistriú carbóin chun astaíochtaí dosheachanta a neodrú agus chun astaíochtaí GCT glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2030.

Tá an creat deimhniúcháin a dtugtar tuairisc air sa togra seo ceaptha chun cur leis an reachtaíocht seo a leanas atá ann cheana maidir leis an athrú aeráide:

- Leis an treoir maidir le stóráil gheolaíoch $CO_2$, dá ngairtear Treoir CCS[11], bunaítear an creat dlíthiúil foriomlán maidir le stóráil gheolaíoch $CO_2$ ar bhealach atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de. Áirítear go sainráite gníomhaíochtaí lena stóráiltear $CO_2$ ó shuiteáil CTA ar shuíomh stórála arna cheadú faoi Threoir CCS i dTreoir AE maidir le Trádáil Astaíochtaí agus ní mór lamháltais CTA an Aontais a ghéilleadh i gcás sceití $CO_2$. Leis an gcreat deimhniúcháin atá beartaithe, áiritheofar go mbeidh cainníochtú aistrithe carbóin le haghaidh gníomhaíochtaí tionsclaíocha amhail CCS bunaithe ar bhithfhuinneamh (gabháil agus stóráil carbóin bithfhuinnimh)[12] agus Dírghabháil agus Stóráil Carbóin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún[13] maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi CTA agus maidir le modheolaíochtaí mionsonraithe an Aontais arna bhforbairt ag an gCoimisiún[14] chun cainníochtú a dhéanamh ar sheachaint astaíochtaí GCT tionscadal gabhála agus stórála carbóin bithfhuinnimh agus dírghabhála agus stórála carbóin faoin gCiste don Nuálaíocht[15].
- Maidir le táirgí feirmeoireachta carbóin agus stórála carbóin, le Rialachán LULUCF[16] soláthraítear treoirphlean chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar aistrithe carbóin i gcomhréir le treoirlínte an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide, agus i sineirgíocht le beartais maidir le bithéagsúlacht, truailliú nialasach, fuinneamh in-athnuaite agus oiriúnú don athrú aeráide. Leis na rialacha a leagtar síos faoi Rialachán LULUCF, spreagtar faireachán ar úsáid talún ar bhealach geografach sainráite, ar chostas íseal agus ar bhealach tráthúil, mar shampla trí bhunachair sonraí dhigiteacha, trí Chórais Faisnéise Gheografacha agus trí chianbhraiteacht, lena n-áirítear satailítí agus seirbhísí Sentinel Copernicus (e.g. Seirbhísí Aeráide agus Talún), nó trí sheirbhísí atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

---

10 C(2022)2230 final

11 Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé- ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

12 I gcás úsáid gabhála agus stórála carbóin bithfhuinnimh, tá gá le coimircí chun teorainneacha agus infhaighteacht bithmhaise inbhuanaithe a chur san áireamh chun éileamh iomarcach ar bhithmhais le haghaidh fuinnimh a sheachaint lena mbeidh tionchair dhiúltacha ar linnte agus stoic charbóin, ar an mbithéagsúlacht, ar cháilíocht an aeir agus ar an mbithgheilleagar.

13 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1).

14 Glao ar thograí Iarscríbhinn C: Modheolaíocht chun seachaint astaíochtaí GCT a ríomh.

15 https://climate.ec.europa.eu/eu-action/funding-climate-action/innovation-fund_ga

16 Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Cuirfidh creat deimhniúcháin an Aontais maidir le haistrithe carbóin leis na beartais seo a leanas de chuid an Aontais nó beidh ról tábhachtach aige chun na beartais sin a chumasú:

- Leagtar amach sa Dlí maidir le hAthchóiriú Dúlra[17] atá beartaithe an sprioc gur cheart 20 % de thalamh agus de mhuir an Aontais a chumhdach le bearta athchóirithe faoi 2030 agus gur cheart do na héiceachórais uile a bhfuil athchóiriú de dhíth orthu a chumhdach le bearta athchóirithe faoi 2050. Tá go leor sineirgí ann idir gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, go háirithe feirmeoireacht carbóin, agus bearta maidir le hathchóiriú dúlra. Cuideoidh an creat deimhniúcháin atá beartaithe maidir le haistrithe carbóin leis na spriocanna athchóirithe a bhaint amach agus cuideoidh siad le comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach sa Dlí maidir le hAthchóiriú Dúlra. Mar shampla, is féidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin lena bhfeabhsaítear stóráil carbóin rannchuidiú le comhlíonadh na hoibleagáide treocht mhéadaitheach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta maidir leis an stoc de charbón orgánach in éiceachórais foraoise agus in ithreacha mianraí curaíochta atá in éiceachórais talmhaíochta. Is féidir leo tacú freisin leis an oibleagáid bearta athchóirithe a chur i bhfeidhm maidir le hithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta arb é atá iontu talaimh portaigh dhraenáilte. Dá bhrí sin, neartóidh an Dlí maidir le hAthchóiriú Dúlra agus an togra seo a chéile, rud a chuirfidh le beartais aeráide agus bithéagsúlachta.
- Leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT), déantar foráil maidir le tacaíocht d'fheirmeoirí a gheallann cleachtais shonracha nó infheistíochtaí sonracha comhshaoil agus aeráide a dhéanamh. Áirítear sa bheartas sin freisin roinnt coinníollacha comhshaoil agus aeráide (ar a dtugtar Dea-riocht Talmhaíochta agus Comhshaoil) nach mór d'fheirmeoirí a urramú agus tacaíocht ioncam CBT á fáil acu. Téann na coinníollacha seo thar na ceanglais reachtúla. Tá coinníollacha áirithe ábhartha maidir le ceapadh agus cosaint carbóin in ithreacha amhail i bhféarthalamh agus i dtalamh portaigh. Thairis sin, is féidir le CBT cuidiú le deimhniú a ghlacadh trí infheistíochtaí tosaigh a chumhdach agus trí chleachtais ábhartha ar leibhéal na feirme a chur chun cinn. Cuideoidh creat deimhniúcháin an Aontais maidir le haistrithe carbóin le cainníochtú GCT na gcleachtas dá dtugtar tacaíocht a fheabhsú agus le fardail GCT na hearnála talún náisiúnta a fheabhsú. Trí fhorbairt dheonach na margaí, is féidir cosaint níos fadtéarmaí a áirithiú do stoic charbóin agus do ghníomhaíochtaí talún nach dtacaíonn CBT leo. D'fhéadfadh scéimeanna deimhniúcháin poiblí, arna bhforbairt ag na Ballstáit, iarratas a dhéanamh ar aitheantas ón Aontas faoin togra seo chun creat deimhniúcháin an Aontais maidir le haistrithe carbóin a chur chun feidhme, lena n-áirítear na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagtar síos sa togra seo. Thairis sin, leis an togra seo ceadófar laghduithe astaíochtaí $CO_2$ a nochtadh mar chomhthairbhí aistrithe carbóin.
- Áirítear sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite[18] tacar critéar inbhuanaitheachta le haghaidh bithfhuinnimh, a chuirtear chun feidhme ag údaráis inniúla náisiúnta nó ag scéimeanna deimhniúcháin príobháideacha arna n-aithint ag an gCoimisiún. D'fhéadfaí a dheimhniú leis na scéimeanna sin freisin comhlíontacht gníomhaíochtaí aistrithe carbóin leis na critéir cháilíochta le haghaidh aistrithe carbóin a chuirtear i láthair sa togra seo.

[17] COM(2022) 304 final.
[18] Treoir 2018/2001/AE.

- Leagtar amach i Straitéis Foraoise an Aontais[19] an creat beartais chun foraoisí de chuid an Aontais atá ag fás, sláintiúil, éagsúil agus athléimneach a sholáthar, rud a chuirfidh go mór lenár n-uaillmhian bithéagsúlachta, a mhéadóidh na haistrithe trí linnte nádúrtha, a dhaingneoidh slite beatha i gceantair thuaithe agus níos faide i gcéin agus agus a thacóidh le bithéagsúlacht foraoise a bhraitheann ar na cleachtais bainistithe foraoise is inbhuanaithe.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar an ceart don Aontas gníomhú chun cuspóirí a bheartais maidir leis an gcomhshaol a bhaint amach. Áirítear ar chuspóirí bheartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol mar a shainítear in Airteagal 191(1) CFAE, inter alia, cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú; úsáid stuama réasúnach acmhainní nádúrtha agus bearta a chur chun cinn ar an leibhéal idirnáisiúnta chun déileáil le fadhbanna comhshaoil réigiúnacha nó domhanda, go háirithe an t-athrú aeráide a chomhrac.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Fadhb thrasteorann é an t- athrú aeráide. Is éifeachtaí domhanda iad na héifeachtaí atá aige, gan beann ar shuíomh fhoinsí na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Dá bhrí sin, ní féidir na dúshláin sin a réiteach trí ghníomhaíocht náisiúnta nó trí ghníomhaíocht áitiúil amháin toisc nach dócha go mbeidh na torthaí is fearr mar thoradh air sin. Le comhordú ar an leibhéal Eorpach, feabhsaítear an gníomhú ar son na haeráide agus féadfar gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú go héifeachtach; Tá údar le gníomhaíocht an Aontais ar fhorais coimhdeachta, i gcomhréir le hAirteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Bheadh creat Eorpach níos oiriúnaí ná tionscnaimh náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an deacracht a bhaineann le cáilíocht aistrithe carbóin a mheas. Le creat den sórt, chruthófaí cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh inmheánach chun aistrithe carbóin a dheimhniú, rud a chuirfeadh le hinchomparáideacht agus le hiontaoibh. Ní dhéanfadh meascán tionscnamh náisiúnta sa réimse seo ach cur leis an bhfadhb seachas í a réiteach.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra seo prionsabal na comhréireachta ós rud é nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí maidir le creat deimhniúcháin de chuid an Aontais a bhunú le haghaidh aistrithe carbóin ardcháilíochta. Déantar foráil ann maidir le critéir cháilíochta le haghaidh aistrithe carbóin, maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta chun aistrithe carbóin a dheimhniú agus a fhíorú agus creat chun scéimeanna deimhniúcháin príobháideacha agus poiblí a aithint.

- **An rogha ionstraime**

Is le Rialachán is fearr is féidir cuspóirí an togra seo a shaothrú. Áiritheofar leis sin infheidhmeacht dhíreach aonfhoirmeach na bhforálacha san Aontas ag an am céanna. Cuirtear ceanglais ar oibreoirí scéimeanna deonacha deimhniúcháin, ar na Ballstáit d’fhonn

19 COM/2021/572 final

scéimeanna deimhniúcháin poiblí a aithint agus ar an gCoimisiún maidir le tuairisciú agus athbhreithniú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, rinneadh roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin:

- Comhdháil ar líne maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe a bhí ar siúl an 31 Eanáir 2022;
- Glao ar fhianaise a bhí ar siúl ón 7 Feabhra go dtí an 2 Bealtaine 2022, a fuair 231 fhreagra;
- Comhairliúchán poiblí oscailte a bhí ar siúl ón 7 Feabhra go dtí an 2 Bealtaine 2022, a fuair 396 fhreagra.

Ar an iomlán, léiríodh leis na gníomhaíochtaí comhairliúcháin phoiblí go raibh tacaíocht láidir ghinearálta ann do thionscnamh rialála lena gcumhdaítear creat deimhniúcháin maidir le haistrithe carbóin a chruthú. Mhol formhór na bpáirtithe leasmhara go gcumhdófaí réimse leathan roghanna aistrithe carbóin leis an tionscnamh agus go gcuirfí san áireamh gnéithe amhail na cinn seo a leanas: tomhas beacht, cruinn agus tráthúil a áirithiú le haghaidh aistrithe; a áirithiú nach ndéantar dochar don ghníomhaíocht dhiongbháilte maidir le hastaíochtaí a laghdú tríd an bhfócas a athrú i dtreo aistrithe carbóin; ráthaíochtaí leordhóthanacha a thabhairt maidir le fad na stórála carbóin agus maidir le haisiompú a chosc.

Ar na príomhchritéir a mheas na páirtithe leasmhara a bheith tábhachtach le haghaidh aistrithe carbóin bhí stóinseacht na ngnéithe faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe, an acmhainneacht maidir le húsáid ar mhórscála, ullmhacht theicniúil agus indéantacht eacnamaíoch, agus an acmhainneacht le haghaidh comhthairbhí don chomhshaol. D'aontaigh formhór na bhfreagróirí gurbh é bunú córais deimhniúcháin láidir inchreidte le haghaidh aistrithe carbóin an chéad chéim fhíor-riachtanach i dtreo ranníocaíocht ghlan ó aistrithe carbóin i gcomhréir le cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht.

Chuir freagróirí in iúl gur cheart iad seo a leanas a bheith mar na príomhchuspóirí chun aistrithe carbóin a dheimhniú: inchomparáideacht agus iomaíocht a cheadú idir gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin; trédhearcacht na margaí carbóin deonacha a mhéadú agus cothrom iomaíochta na margaí sin a chothromú; agus, dreasachtaí poiblí feabhsaithe a chur ar fáil maidir le haistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra agus aistrithe carbóin tionsclaíocha i gcláir chistiúcháin an Aontais agus i gcláir chistiúcháin náisiúnta.

De réir fhormhór na bhfreagróirí, ba cheart gurbh é a bheadh i ról an Aontais ceanglais cháilíochta chuimsitheacha a bhunú maidir le haistrithe carbóin, lena n-áiritheofar cainníochtú ceart aistrithe carbóin, breisíocht, stóráil fhadtéarmach agus inbhuanaitheacht comhshaoil. Déantar achoimre ar thorthaí na gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara a chur i láthair in Iarscríbhinn 2 den Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an Rialachán seo.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tugadh an cúram do chuibhreannas seachtrach saineolaithe staidéar cúnaimh theicniúil a dhéanamh chun bonn eolais a chur faoi ullmhú an Rialacháin atá beartaithe maidir le haistrithe carbóin agus an measúnú tionchair lena mbaineann. Leis an staidéar tugadh athbhreithniú ar na sásraí agus ar na scéimeanna atá ann cheana chun aistrithe carbóin a dheimhniú agus tugadh measúnú sionoptach ar na gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin, lena n-áirítear aistriú buan, táirgí stórála carbóin agus feirmeoireacht carbóin. Thar ceann an Choimisiúin, d'eagraigh an cuibhreannas seachtrach roinnt imeachtaí for-rochtana, lena n-áirítear an Chomhdháil maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe, agus chuidigh an cuibhreannas seachtrach le measúnú a dhéanamh ar na freagraí ar an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara. Ar deireadh, leis an gcúnamh teicniúil tugadh cuid de na sonraí a bhí mar bhonn taca leis an anailís ar na roghanna beartais a leagtar amach sa mheasúnú tionchair.

- **Measúnú tionchair agus tuairim an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála**

Rinneadh measúnú sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo ar roghanna beartais éagsúla chun aghaidh a thabhairt ar thrí phríomhfhadhb a mbeadh tionchar acu ar aistrithe carbóin amach anseo.

Is é an chéad fhadhb an deacracht chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht aistrithe carbóin agus chun comparáid a dhéanamh idir an cháilíocht, rud a chruthaíonn costais chuardaigh mhóra do mhaoinitheoirí féideartha aistrithe carbóin. Is 'gnáthchliseadh margaidh' é sin, rud a chruthaíonn riosca go dtéann tacaíocht airgeadais chuig gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nach féidir brath orthu mar ghníomhaíochtaí maolaithe éifeachtacha. Tá dhá chúis leis an bhfadhb sin:

1. Tá deimhniú aistrithe carbóin i bhfad níos neamhchoitianta ná deimhniú laghduithe astaíochtaí, agus baineann roinnt dúshlán modheolaíochta leis. Le scéimeanna deimhniúcháin éagsúla, moltar modheolaíochtaí éagsúla chun na haistrithe carbóin iomlána agus breise a chainníochtú, chun stóráil fhadtéarmach carbóin a dhreasú, agus chun gnéithe inbhuanaitheachta níos leithne a chuimsiú amhail tionchair chomhshaoil (e.g. cailliúint bithéagsúlachta, truailliú etc.) na gníomhaíochta aistrithe carbóin.
2. Tá gníomhaíochtaí aistrithe carbóin (i.e. aistriú buan, táirgí stórála carbóin agus feirmeoireacht carbóin) an-ilchineálach ó thaobh aibíochta, costéifeachtúlachta agus costas gaolmhar faireacháin de, agus tá dúshláin éagsúla ag baint leo maidir le deimhniú.

Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo cáilíocht na n-aistrithe carbóin uile arna ndeimhniú san Aontas a ráthú trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin atá curtha in oiriúint do chúinsí sonracha gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin.

Chuige sin, moltar leis an tionscnamh seo creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin atá bunaithe ar cheithre chritéar cháilíochta (dá ngairtear QU.A.L.ITY anseo feasta), ina léirítear an chaoi le cainníochtú, breisíocht agus bonnlínte, stóráil fhadtéarmach agus inbhuanaitheacht a áirithiú. Sainaithnítear sa Mheasúnú Tionchair roinnt dea-chleachtas maidir le gach ceann de chritéir QU.A.L.ITY, agus aithnítear ag an am céanna go mbeidh an cur chuige deimhniúcháin maidir le gach critéar éagsúil ó thaobh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin de.

Sa dara céim, caithfear modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a fhorbairt chun critéir QU.A.L.ITY a chur chun feidhme ar fud na ngníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin. Sa chéim sin, cuirfear rialacha sonracha in oiriúint do shaintréithe na gcineálacha éagsúla

gníomhaíochtaí aistrithe carbóin: mar shampla, aithneoidh na rialacha na ráthaíochtaí láidre maidir le buaine a chuirtear ar fáil le réitigh lena stóráiltear carbón i bhfoirmíochtaí geolaíocha, agus cuirfear feabhas ag an am céanna ar chomhthairbhí do ghníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin. Chuige sin, déantar comparáid idir dhá rogha Cáilíochta leis an Measúnú Tionchair:

- Rogha C1: leis na scéimeanna deimhniúcháin, déantar forbairt ar mhodheolaíochtaí i gcomhréir le critéir QU.A.L.ITY agus cuirtear faoi bhráid an údaráis phoiblí atá freagrach iad lena n-aithint;
- Rogha C2: déanann an Coimisiún na modheolaíochtaí a fhorbairt i ndlúthchomhar le grúpa saineolaithe.

Is é conclúid na hanailíse go bhfuil an acmhainneacht is mó ag rogha C2 chun cáilíocht aistrithe carbóin a ráthú agus chun a n-inchomparáideacht a áirithiú, agus ag an am céanna na costais riaracháin a íoslaghdú a bhaineann le modheolaíochtaí deimhniúcháin a fhorbairt nó a fhormheas.

Is é an dara fadhb nach bhfuil iontaoibh ag a lán páirtithe leasmhara as deimhnithe aistrithe carbóin ós rud é go bhféadfaí deimhnithe a ghiniúint trí phróisis neamh-thrédhearcacha neamhiontaofa lena ndeimhnítear gníomhaíochtaí nach bhfuil fíorthairbhí aeráide agus inbhuanaitheachta ag baint leo. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin rialacha agus nósanna imeachta trédhearcacha láidre a chur i bhfeidhm chun na rioscaí a mhaolú nach féidir leis an bpróiseas deimhniúcháin aistrithe ar chaighdeán íseal a bhrath, nach bhfuil na gníomhaíochtaí aistrithe carbóin ag seachadadh na n-aistrithe mar a bhí beartaithe, agus go ndeimhnítear an ghníomhaíocht chéanna faoi dhó, nó go mbaintear úsáid as an deimhniú céanna faoi dhó.

Is é an tríú fadhb go mbíonn bacainní roimh sholáthraithe aistrithe carbóin rochtain a fháil ar mhaoiniú. Is é is cúis leis an bhfadhb sin go bhfuil réimse leathan bealaí ann chun deimhnithe aistrithe carbóin a úsáid (e.g. cistiú poiblí, tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach, éicilipéid, margaí deonacha carbóin etc.). Leis an éagsúlacht sin, cruthaítear costais idirbhirt dóibh siúd ar mian leo a ngníomhaíocht aistrithe carbóin a dheimhniú, amhail costais chuardaigh (an t-am agus an iarracht a chaitear chun cáilíocht nósanna imeachta deimhniúcháin maidir le scéim ar leith a thuiscint) agus costais aistrithe (an costas a bhaineann le hiarracht a dhéanamh cineálacha cistithe comhlántacha nó malartacha eile a thiomsú, ar dócha go n-éileoidh sé a n-oibríochtaí a athrú agus sraith éagsúil fianaise agus faisnéise a sholáthar).

Chun aghaidh a thabhairt ar an dara fadhb agus ar an tríú fadhb, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin ceanglais chomhchuibhithe deimhniúcháin a chomhlíonadh chun trédhearcacht a áirithiú agus iontaoibh a chothú:

1. Bainistíocht scéime: ba cheart scéimeanna deimhniúcháin a oibriú ar bhonn nósanna imeachta iontaofa trédhearcacha (e.g. bainistiú inmheánach agus faireachán, bainistiú gearán agus achomhairc, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, trédhearcacht agus foilsiú faisnéise, etc.);
2. Fíorú neamhspleách: ba cheart d’iniúchóirí tríú páirtí comhlíonadh aistrithe carbóin le critéir QU.A.L.ITY a fhíorú; agus,
3. Nochtadh iomlán: ba cheart an fhaisnéis uile maidir leis na haistrithe carbóin deimhnithe a bheith ar fáil go poiblí agus inrianaithe trí chlárlanna poiblí.

I gcomhréir leis na critéir trédhearcachta sin, leagtar amach próiseas chun scéimeanna deimhniúcháin a aithint agus ní fhéadfaidh oibreoirí (i.e. úinéirí gníomhaíochtaí aistrithe

carbóin) ach scéimeanna deimhniúcháin aitheanta a úsáid chun comhlíontacht le critéir QU.A.L.ITY agus leis na modheolaíochtaí deimhniúcháin ábhartha a léiriú.

Sa chomhthéacs sin, déantar comparáid sa Mheasúnú Tionchair idir dhá rogha Rialachais maidir leis na daoine a bheadh freagrach as scéimeanna deimhniúcháin a aithint: na Ballstáit (rogha R1) nó an Coimisiún (rogha R2). Is é conclúid na hanailíse gurb í rogha R2 is fearr feidhmíochta i dtéarmaí próiseas deimhniúcháin láidir comhchuibhithe a ráthú agus an margadh inmheánach a chur chun cinn le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin, agus na costais riaracháin ar údaráis phoiblí a íoslaghdú ag an am céanna.

I mbeagán focal, is é an rogha beartais tosaíochta an rogha ina ndéanann an Coimisiún an méid seo a leanas: (i) modheolaíochtaí deimhniúcháin a fhorbairt, i gcomhairle le saineolaithe agus le páirtithe leasmhara; agus (ii) cur chun feidhme an chreata deimhniúcháin agus critéir QU.A.L.ITY a chomhchuibhiú trí scéimeanna deimhniúcháin aitheanta.

Sa Mheasúnú Tionchair, rinne an Coimisiún measúnú freisin ar chomhsheasmhacht an togra leis na cuspóirí a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach, dá bhforáiltear in Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach. Chinn an Coimisiún gur féidir le cuir chuige feirmeoireachta carbóin cabhrú leis an sprioc ar leith do 2030 a bhaint amach atá beartaithe d'earnáil LULUCF leis an bpacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55' (-310 Mt de choibhéis $CO_2$), rud a sháraíonn rannchuidiú aistrithe carbóin LULUCF leis an sprioc -55 % ar fud an gheilleagair a bhunaítear sa Dlí Aeráide Eorpach (arna úsáid ag -225 Mt de choibhéis $CO_2$). Tá sprioc sa Dlí Aeráide Eorpach freisin go mbeidh an tAontas aeráidneodrach faoi 2050 agus chun astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, ach ní mór don Aontas méadú a dhéanamh ar glacadh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin chun an cuspóir sin a bhaint amach. Déantar anailís sa Mheasúnú Tionchair ar roghanna beartais chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní a dhéanann dochar do ghlacadh gníomhaíochtaí éifeachtacha aistrithe carbóin, agus níor cheart go gcuirfeadh sé sin bac ar ghníomhaíocht chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú.

Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach ar an Measúnú Tionchair agus chuir sé liosta moltaí ar fáil chun an tuarascáil a fheabhsú d'fhonn a léiriú ar bhealach níos fearr gurb é easpa creata deimhniúcháin iontaofa an phríomhchonstaic maidir le forbairt gníomhaíochtaí aistrithe carbóin chomh maith le trédhearcacht níos fearr a léiriú ar gach rogha beartais maidir leis an modheolaíocht agus maidir leis an rialachas.

Rinneadh na gnéithe seo a leanas a chomhtháthú dá réir sin sa leagan críochnaitheach den tuarascáil ar an measúnú tionchair:

- sa réamhrá, rinneadh comhthéacs an tionscnaimh (i.e. ról aistrithe carbóin i gcuspóir aeráidneodrachta 2050 agus sa bhonnlíne beartais atá ann faoi láthair) agus nádúr deonach an tionscnaimh a shoiléiriú;
- i sainiú na faidhbe, cuireadh isteach tagairtí nua chun a dheimhniú gurb ann do na fadhbanna a sainaithníodh (go háirithe an easpa iontaobhais) agus chun a scála a dheimhniú agus chun an tábhacht a bhaineann le creat a chomhchuibhiú go hidirnáisiúnta sna tuairimí a chuireann na páirtithe leasmhara a chur i dtábhacht;
- sa roinn maidir le cuspóirí, soiléiríodh go leanann gearrliostú cheithre phríomhchritéar QU.A.L.ITY comhdhearcadh ginearálta maidir lena bhfuil i gceist le deimhniú ardcháilíochta de réir fhormhór na modheolaíochtaí deimhniúcháin atá ann cheana, agus go n-áirítear níos mó argóintí ó na hiarscríbhinní tiomnaithe anois i gcur i láthair na gcritéar sa roinn lena dtugtar tuairisc ar na roghanna beartais;
- chun cineál deonach an chreata a chur san áireamh, cuireadh isteach roinnt soiléirithe (e.g. athscríobhadh 'cuspóir an chothroim iomaíochta' mar 'cuspóir an chomhchuibhithe');

- mínítear ar bhealach níos fearr sa roinn faoi roghanna beartais a caitheadh amach cén fáth ar caitheadh amach úsáid shainordaitheach an bheartais maidir leis an gcreat deimhniúcháin;
- luaitear sa roinn maidir leis an measúnú ar na tionchair an cineál deonach mar riosca a d'fhéadfaí dochar a dhéanamh do rath na dtionscnamh, agus luaitear bearta chun an riosca sin a mhaolú;
- sa mheasúnú ar roghanna beartais, sainaithnítear ar bhealach níos fearr na bacainní ar uas-scálú na ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin, agus mínítear an chaoi a dtabharfaidh an creat deimhniúcháin aghaidh ar na bacainní sin; soiléirítear sa roinn sin freisin an éiginnteacht a bhaineann leis na ráitis cháilíochtúla maidir leis na sochair mheasta agus na costais mheasta;
- aistríodh an roinn maidir leis an gcur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' ón iarscríbhinn go dtí an príomhthéacs;
- áirítear sa roinn maidir le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionscnamh cuspóirí oibríochtúla níos mionsaothraithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Baineann impleachtaí móra buiséadacha don Aontas le gníomhartha neamhreachtacha a ullmhú agus le hoibriú an Ghrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin.

Foráiltear leis an togra go n-ullmhófar roinnt gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme ag an am céanna tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá beartaithe. Thar aon ní eile, is gá gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leagtar amach na modheolaíochtaí deimhniúcháin maidir le gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin (e.g. maidir le haistriú buan, feirmeoireacht carbóin agus táirgí stórála carbóin).

Chun na gníomhartha neamhreachtacha an-teicniúil sin a ullmhú, tabharfaidh an Grúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin cúnamh don Choimisiún. Beidh thart ar 70 comhalta sa Ghrúpa Saineolaithe agus d'fhéadfadh roinnt foghrúpaí a bheith i gceist, lena n-áirítear saineolas breise. Déanfaidh an Coimisiún an Grúpa Saineolaithe a fheidhmiú, le cabhair ó chonraitheoir seachtrach.

Thairis sin, baineann impleachtaí buiséadacha don Choimisiún leis an bpróiseas aitheantais maidir le scéimeanna deimhniúcháin poiblí nó príobháideacha a bheadh freagrach as an gcreat deimhniúcháin a chur chun feidhme i mBallstát amháin nó níos mó. Déantar foráil maidir leis na himpleachtaí buiséadacha freisin do na Ballstáit sin a bhfuil sé beartaithe acu scéim deimhniúcháin náisiúnta a bhunú agus a oibriú, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí deimhniúcháin neamhspleácha agus clárlann náisiúnta a bhunú agus a oibriú.

Léirítear sa ráiteas airgeadais reachtach na himpleachtaí buiséadacha mionsonraithe agus na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá maidir leis an Togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhréir leis na treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr a foilsíodh i mí na Samhna 2021 agus go háirithe le huirlis 38, dréachtóidh an Coimisiún straitéis cur chun feidhme tar éis do na comhreachtóirí an togra reachtach a ghlacadh. Cuirfear i láthair ann na huirlisí éagsúla chun comhlíonadh a chur chun cinn a úsáidfear agus áireofar iontu gnéithe a bhaineann le cur chun feidhme digiteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Comhfhreagraíonn forálacha agus struchtúr an Rialacháin atá beartaithe do chuspóir an tionscnaimh creat deimhniúcháin trédhearcach inchreidte a chruthú maidir le haistrithe carbóin a bhfuil sláine ard aeráide agus comhshaoil acu, chun tacú le daoine fisiciúla agus dlítheanacha atá toilteanach iarracht bhreise a dhéanamh, iarracht sa bhreis ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa GCT a laghdú a mhéid is féidir, agus a ngníomhaíochtaí a thabhairt go leibhéal na hinbhuanaitheachta, i gcomhthéacs na huaillmhéine aeráide méadaithe a luaitear sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus chuspóir 2050 na haeráidneodrachta a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach.

Is iad seo a leanas príomhfhorálacha an Rialacháin atá beartaithe:

Sainítear cuspóir agus raon feidhme an Rialacháin in Airteagal 1. Is é is aidhm don togra seo úsáid aistrithe carbóin ardcháilíochta a éascú le creat deimhniúcháin deonach de chuid an Aontais. Sainítear san Airteagal seo freisin struchtúr foriomlán an togra, ina bhfuil trí cholún: leagtar amach sa chéad cholún na ceithre chritéar cháilíochta, a fhágann go bhfuil na haistrithe carbóin incháilithe do dheimhniú mar gheall ar a gcomhlíonadh carnach. Leis an dara colún cinntear príomhghnéithe an phróisis fíorúcháin agus deimhniúcháin. Leis an tríú colún cuirtear rialacha ar fáil maidir le feidhmiú na scéimeanna deimhniúcháin atá freagrach as creat deimhniúcháin an Aontais a chur chun feidhme.

Déantar foráil in Airteagal 2 maidir leis an bpríomhthéarmaíocht is gá chun forálacha an Rialacháin atá beartaithe a chomhlánú, go háirithe na sainmhínithe ar aistrithe carbóin agus ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin.

In Airteagal 3 sainaithnítear an dá choinníoll maidir le haistrithe carbóin a bheidh incháilithe faoi chreat deimhniúcháin an Aontais: ar an gcéad dul síos, táthar le giniúint trí ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin lena gcomhlíontar na critéir cháilíochta; agus, ar an dara dul síos, táthar le fíorú ag comhlacht neamhspleách deimhniúcháin.

Sainítear an chéad cholún den Rialachán atá beartaithe in Airteagail 4 go 8. Le hAirteagal 4, bunaítear rialacha maidir le glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú in aghaidh bonnlíne, ach leagtar amach in Airteagail 5, 6 agus 7 na critéir cháilíochta maidir le breisíocht, stóráil fhadtéarmach agus inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin. In Airteagal 8, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, ar gníomhartha iad ina mbunófar modheolaíochtaí deimhniúcháin oiriúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar cáilíochta. In Iarscríbhinn I liostaítear na gnéithe atá le háireamh sna modheolaíochtaí deimhniúcháin sin.

Leagtar amach an dara colún den Rialachán atá beartaithe maidir le deimhniú comhlíontachta in Airteagail 9 agus 10.

In Airteagal 9 sainítear príomhghnéithe an phróisis deimhniúcháin, ina bhfuil dhá chéim. Sa chéim tosaigh, cuireann oibreoir faisnéis chuimsitheach maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin agus maidir lena comhlíontacht mheasta leis na critéir cháilíochta faoi bhráid

comhlacht deimhniúcháin. Déanann an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh chun éilimh an oibreora a fhíorú, eisíonn sé tuarascáil iniúchóireachta deimhniúcháin agus, i gcás ina gcomhlíontar na critéir cháilíochta, deimhniú.

Sa dara céim, déanann an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh athdheimhniúcháin chun a fhíorú gur cuireadh an ghníomhaíocht aistrithe carbóin chun feidhme i gceart agus i gcomhréir iomlán leis na critéir cháilíochta, agus eisíonn sé tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin agus deimhniú nuashonraithe, ar ar a mbonn a eisíonn agus a chláraíonn an scéim deimhniúcháin na haonaid aistrithe carbóin dheimhnithe. In Iarscríbhinn II liostaítear an fhaisnéis íosta atá le háireamh sa deimhniú.

Leagtar síos in Airteagal 10 na coinníollacha íosta do chomhlachtaí deimhniúcháin a n-inniúlacht chun na hiniúchtaí deimhniúcháin a dhéanamh agus a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht a áirithiú. Leagtar síos leis freisin oibleagáid ar na Ballstáit maoirseacht a dhéanamh ar oibriú na gcomhlachtaí deimhniúcháin.

Cinntear an tríú colún maidir le scéimeanna deimhniúcháin in Airteagail 11 go 14. Leagtar síos in Airteagal 11 an oibleagáid ar oibreoirí scéimeanna deimhniúcháin a úsáid, arna n-aithint ag an gCoimisiún, chun comhlíontacht leis na critéir cháilíochta a léiriú. Leagtar síos san airteagal sin freisin roinnt ceanglas ar fheidhmiú na scéimeanna deimhniúcháin, lena n-áirítear bearta chun an dea-rialachas, trédhearcacht agus cuntasacht a áirithiú.

Le hAirteagal 12 forchuirtear an oibleagáid ar scéimeanna deimhniúcháin clárlanna poiblí a chur ar bun agus a chothabháil le haghaidh fianaise ar ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin agus ar aonaid aistrithe carbóin. Tá sé ríthábhachtach go n-úsáidfidh clárlanna córais uathoibrithe agus go mbeidh siad idir-inoibritheach chun calaois a chosc agus chun áireamh dúbailte a sheachaint.

Soláthraítear in Airteagal 13 an bunús dlí chun scéimeanna deimhniúcháin a aithint trí chinntí ón gCoimisiún agus forordaítear in Airteagal 14 ceanglais tuairiscithe maidir le scéimeanna deimhniúcháin.

Déantar foráil in Airteagal 18 maidir le hathbhreithniú ar an Rialachán: den chéad uair 3 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm agus tráth nach déanaí ná deireadh 2028, agus ina dhiaidh sin go tráthrialta tar éis gach stocáireamh arna fheidhmiú mar a leagtar síos i gComhaontú Pháras.

2022/0394 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,[20]

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[21],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide[22] ('Comhaontú Pháras'), chomhaontaigh an pobal idirnáisiúnta an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád go mór faoi bhun 2 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch. Is Páirtithe iad an tAontas agus a Bhallstáit i gComhaontú Pháras agus tá siad an-tiomanta dá chur chun feidhme trí astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus trí aistrithe carbóin a mhéadú.

(2) Ar an scála domhanda, léirítear sa tuarascáil is déanaí[23] ón bPainéal Idir-rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) nach dócha go ndéanfaí an téamh domhanda a theorannú go méadú 1.5 C ach amháin má tharlaíonn laghduithe tapa móra ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sna blianta amach romhainn. Luaitear go soiléir sa tuarascáil ó IPCC go bhfuil 'sé dosheachanta aistriú dé-ocsaíde carbóin chun astaíochtaí iarmharacha a bhfuil sé deacair srian a chur orthu a fhrithchothromú má tá astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin glan-nialasacha ($CO_2$) nó GCT le baint amach'. Ceanglaítear leis sin gníomhaíochtaí inbhuanaithe a úsáid ar mhórscála chun $CO_2$ a ghabháil ón atmaisféar agus chun é a stóráil go marthanach i dtaiscumair gheolaíocha, in éiceachórais talún agus mhuirí, nó i dtáirgí. Sa lá atá inniu ann agus leis na beartais atá ann faoi láthair, níl an tAontas ar an gconair cheart chun na aistrithe carbóin sin a bhaint amach: tá aistrithe carbóin in

[20] IO C […], […], lch. […]
[21] IO C […], […], lch. […]
[22] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 282, 19.10.2016, lch. 1).
[23] Meitheal III de IPCC (2022), Achoimre Theicniúil. I: Climate Change 2022 [Athrú Aeráide 2022]: Athrú Aeráide a Mhaolú. An Séú Tuarascáil Mheasúnachta (nasc).

éiceachórais talún ag laghdú le blianta beaga anuas agus níl aon aistriú carbóin thionsclaíoch suntasach ar siúl faoi láthair san Aontas.

(3) Is é is aidhm don Rialachán seo creat deimhniúcháin deonach de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh aistrithe carbóin, d'fhonn glacadh le haistrithe carbóin ardcháilíochta a dhreasú, agus lánurraim á tabhairt do chuspóirí na bithéagsúlachta agus do na cuspóirí maidir le truailliú nialasach. Is uirlis í chun tacú le cuspóirí an Aontais faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach, go háirithe an sprioc maidir le haeráidneodracht chomhchoiteann faoi 2050 a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24]. Gheall an tAontas freisin astaíochtaí diúltacha a ghiniúint tar éis 2050. Is ionstraim thábhachtach í Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[25] chun aistrithe carbóin in éiceachórais talún a fheabhsú, Rialachán atá á athbhreithniú faoi láthair. Is é is cuspóir don athbhreithniú sprioc glan-aistrithe de chuid an Aontais de 310 Mt de choibhéis $CO_2$ a leagan amach faoi 2030, agus chun spriocanna a leithdháileadh ar gach Ballstát.

(4) Tacóidh creat deimhniúcháin an Aontais le forbairt gníomhaíochtaí aistrithe carbóin san Aontas a mbeidh glantairbhe aistrithe carbóin gan débhrí mar thoradh orthu, agus ag an am céanna seachnófar snas glas. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart do chreat deimhniúcháin den sórt sin glacadh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a spreagadh freisin lena ngintear comhthairbhí don bhithéagsúlacht, agus dá bhrí sin na spriocanna athbhunaithe dúlra a leagtar amach i nDlí an Aontais maidir le hathbhunú an dúlra a bhaint amach. Beidh ról lárnach ag creat deimhniúcháin an Aontais chun cuspóirí an Aontais maidir le maolú ar an athrú aeráide a leagtar amach i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais a bhaint amach.

(5) Chun tacú le hoibreoirí atá toilteanach iarrachtaí breise a dhéanamh chun aistrithe carbóin a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe, ba cheart do chreat deimhniúcháin an Aontais na cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, a sonraíochtaí agus a dtionchair ghaolmhara ar an gcomhshaol a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart sainmhínithe soiléire a sholáthar sa Rialachán seo maidir le haistriú carbóin, gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, agus gnéithe eile de chreat deimhniúcháin an Aontais.

(6) Ba cheart don Rialachán seo na ceanglais faoinar cheart aistrithe carbóin a bheith incháilithe do dheimhniú faoi chreat deimhniúcháin an Aontais a leagan amach. Chuige sin, ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach cruinn láidir; agus níor cheart iad a ghiniúint ach amháin trí ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin lena ngintear glantairbhe aistrithe carbóin, ar gníomhaíochtaí breise iad, arb é is aidhm dóibh stóráil fhadtéarmach carbóin a áirithiú, agus a bhfuil tionchar neodrach nó comhthairbheach acu ar chuspóirí inbhuanaitheachta. Thairis sin, ba cheart aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí chun inchreidteacht agus iontaofacht an phróisis deimhniúcháin a áirithiú. Tá rialacha sainordaitheacha an Aontais maidir le praghsáil carbóin a bunaíodh trí Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint

[24] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

[25] Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

na hEorpa agus ón gComhairle[26] i bhfeidhm lena rialaítear láimhseáil astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir sin. Ba cheart an Rialachán seo a bheith gan dochar do Threoir 2003/87/CE, ach amháin i ndáil le deimhniú aistrithe astaíochtaí ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

(7) Ba cheart go mbeadh glantairbhe aistrithe carbóin mar thoradh ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin lena léireofaí go mbeadh tionchar dearfach aige ar an aeráid. Ba cheart an glantairbhe aistrithe carbóin a ríomh trí úsáid a bhaint as dhá chéim. Ar an gcéad dul síos, ba cheart d'oibreoirí méid na n-aistrithe carbóin breise atá á nginiúint ag gníomhaíocht aistrithe carbóin a chainníochtú i gcomparáid le bonnlíne. Ba cheart tús áite a thabhairt do bhonnlíne chaighdeánaithe lena léirítear gnáthfheidhmíocht gníomhaíochtaí inchomparáide i gcúinsí comhchosúla sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha agus i suíomhanna geografacha comhchosúla ós rud é go n-áirithítear oibiachtúlacht léi, go n-íoslaghdaítear comhlíonadh agus costais riaracháin, agus go n-aithnítear go dearfach gníomhaíocht ceannródaithe a bhí páirteach cheana féin i ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin. I gcomhthéacs na feirmeoireachta carbóin, ba cheart úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear bunachair sonraí leictreonacha agus córais faisnéise geografaí, cianbhraiteacht, intleacht shaorga agus meaisínfhoghlaim, agus léarscáileanna leictreonacha a chur chun cinn chun na costais a bhaineann le bonnlínte a bhunú agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí aistrithe carbóin a laghdú. Mar sin féin, i gcás nach féidir bonnlíne chaighdeánaithe den sórt sin a shocrú, is féidir bonnlíne a bhaineann go sonrach leis an tionscadal a úsáid atá bunaithe ar fheidhmíocht aonair an oibreora. Chun na forbairtí sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha a léiriú agus chun uaillmhian a spreagadh le himeacht ama i gcomhréir le Comhaontú Pháras, ba cheart na bonnlínte a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

(8) Sa dara céim chun glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú, ba cheart aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le cur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin a dhealú. Ar na hastaíochtaí ábhartha gás ceaptha teasa ba cheart a chur san áireamh, áirítear astaíochtaí díreacha, amhail na hastaíochtaí sin a eascraíonn as níos mó leasachán, breosla nó fuinnimh a úsáid, nó astaíochtaí indíreacha, amhail na hastaíochtaí sin a eascraíonn as athrú ar thalamhúsáid, le rioscaí iarmhartacha do shlándáil an tsoláthair bia mar thoradh ar shuaitheadh táirgthe talmhaíochta. Níor cheart laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar thoradh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin a chur san áireamh chun an glantairbhe aistrithe carbóin a chainníochtú, ach ba cheart é a mheas mar chomhthairbhe i dtreo chuspóir inbhuanaitheachta an mhaolaithe ar an athrú aeráide; trí thuairisciú a dhéanamh ar na deimhnithe, is féidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (amhail comhthairbhí inbhuanaitheachta eile) luach na n-aistrithe carbóin deimhnithe a mhéadú.

(9) Déanann gníomhaíocht aistrithe carbóin glantairbhe aistrithe carbóin a sholáthar nuair is mó na haistrithe carbóin os cionn na bonnlíne ná aon mhéadú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar gheall ar chur chun feidhme na gníomhaíochta aistrithe carbóin. Mar shampla, i gcás gníomhaíochtaí lena soláthraítear stóráil bhuan carbóin trí charbón a instealladh faoi thalamh, ba cheart gur mhó an méid carbóin a stóráiltear go

[26] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamhálacha astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

buan ná na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh ón bpróiseas tionsclaíoch. I gcás feirmeoireacht carbóin, ba cheart gur mhó an carbón a ghabhtar le gníomhaíocht foraoisithe nó an carbón a choinnítear sa talamh le gníomhaíocht athfhliuchta talún portaigh ná na hastaíochtaí ón innealra a úsáidtear chun an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a dhéanamh nó na hastaíochtaí indíreacha maidir le hathrú ar an talamhúsáid ar féidir gurb é sceitheadh carbóin is cúis leo.

(10) Ba cheart aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha cruinn iomlán comhsheasmhach inchomparáide. Ba cheart éiginnteachtaí sa chainníochtú a thuairisciú go cuí agus a chur san áireamh chun teorainn a chur leis an riosca go ndéanfaí rómheastachán ar chainníocht na dé-ocsaíde carbóin a aistrítear ón atmaisféar. Ba cheart aistrithe carbóin arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin a chainníochtú le hardleibhéal cruinnis chun an caighdeán is airde a áirithiú agus chun éiginnteachtaí a íoslaghdú. Thairis sin, chun sineirgí idir cuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais a dhreasú, is gá faireachán feabhsaithe a dhéanamh ar thalamh, agus ar an gcaoi sin cuidiú le hathléimneacht aistrithe carbóin atá bunaithe ar an dúlra a chosaint agus a fheabhsú ar fud an Aontais. Ní mór na cineálacha cur chuige sin a léiriú go dlúth san fhaireachán agus sa tuairisciú ar astaíochtaí agus aistrithe ar shatailít agus ar an láthair, agus an úsáid is fearr a bhaint as ardteicneolaíochtaí atá ar fáil faoi chláir an Aontais, amhail Copernicus, agus an leas iomlán a bhaint as uirlisí atá ann cheana, agus comhsheasmhacht leis na fardail náisiúnta de gháis ceaptha teasa a áirithiú.

(11) Chun a áirithiú go gcuirfidh creat deimhniúcháin an Aontais dreasachtaí i dtreo aistrithe carbóin a théann thar an ngnáthchleachtas, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith ina ngníomhaíochtaí breise. Dá bhrí sin, ba cheart do na gníomhaíochtaí sin dul thar na ceanglais reachtúla, is é sin, ba cheart d'oibreoirí gníomhaíochtaí a dhéanamh nach bhfuil á bhforchur orthu cheana féin leis an dlí is infheidhme. Thairis sin, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dhéanamh de bharr na héifeachta dreasachta a chuirtear ar fáil leis an deimhniú. Is ann d'éifeacht den sórt sin nuair a athraíonn an dreasacht a chruthaítear leis na hioncaim fhéideartha, mar thoradh ar an deimhniú, iompar na n-oibreoirí ar bhealach ina nglacann siad páirt sa ghníomhaíocht bhreise aistrithe carbóin chun aistrithe carbóin breise a bhaint amach.

(12) Ba cheart do bhonnlíne chaighdeánaithe na coinníollacha reachtúla agus margaidh ina dtarlaíonn an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a léiriú. Má fhorchuirtear gníomhaíocht aistrithe carbóin ar oibreoirí leis an dlí is infheidhme, nó mura gá aon dreasacht a dhéanamh leis, léireofar feidhmíocht na gníomhaíochta sin sa bhonnlíne. Ar an gcúis sin, ba cheart a thoimhdiú gur gníomhaíocht bhreise í gníomhaíocht aistrithe carbóin a ghineann aistrithe carbóin os cionn bonnlíne den sórt sin. Dá bhrí sin, ba cheart d'úsáid bonnlíne caighdeánaithe léiriú breisíochta d'oibreoirí a shimpliú. Dá bhrí sin, ba cheart dó an t-ualach riaracháin maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin a laghdú, rud atá thar a bheith tábhachtach i gcás bainisteoirí talún ar mhionscála.

(13) Carbón atmaisféarach agus bithghineach a ghabhtar agus a stóráiltear trí ghníomhaíocht aistrithe carbóin, tá riosca ann go scaoiltear ar ais san atmaisféar é (e.g. cúlú) mar gheall ar theagmhais nádúrtha nó antrapaigineacha. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí gach beart coisctheach ábhartha a dhéanamh chun na rioscaí sin a mhaolú agus ba cheart dóibh faireachán cuí a dhéanamh go leanfar de charbón a stóráil le linn na tréimhse faireacháin a leagtar síos don ghníomhaíocht aistrithe carbóin ábhartha. Ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe a bheith ag brath ar an bhfad a mheastar a mhairfidh an stóráil agus na rioscaí éagsúla cúlaithe a bhaineann leis an

ngníomhaíocht aistrithe carbóin ar leith. Le gníomhaíochtaí a stóránn carbón i bhfoirmíochtaí geolaíocha, soláthraítear go leor cinnteachtaí maidir le fad an-fhadtéarmach na gcéadta bliain don charbón stóráilte agus is féidir a mheas go soláthraítear stóráil bhuan carbóin leo. Tá feirmeoireacht carbóin nó stóráil carbóin i dtáirgí níos neamhchosanta ar an riosca go scaoilfear carbón san atmaisféar go deonach nó go neamhdheonach. Chun an riosca sin a chur san áireamh, ba cheart bailíocht na n-aistrithe carbóin deimhnithe arna nginiúint ag feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí a bheith faoi réir dáta éaga a chomhoirfidh le deireadh na tréimhse faireacháin ábhartha. Ina dhiaidh sin, ba cheart glacadh leis go bhfuil an carbón á scaoileadh san atmaisféar, ach amháin má chruthaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch cothabháil na stórála carbóin trí ghníomhaíochtaí faireacháin gan bhriseadh.

(14) Anuas ar na bearta a dhéantar chun an riosca maidir le scaoileadh carbóin san atmaisféar a íoslaghdú le linn na tréimhse faireacháin, ba cheart sásraí iomchuí dliteanais a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt ar chásanna cúlaithe. D'fhéadfaí a áireamh sna sásraí sin e.g. lascainiú ar aonaid aistrithe carbóin, maoláin chomhchoiteanna nó cuntais ar aonaid aistrithe carbóin, agus sásraí árachais tosaigh. Ós rud é go bhfuil sásraí dliteanais i ndáil le stóráil gheolaíoch agus sceitheadh $CO_2$, agus bearta ceartaitheacha ábhartha leagtha síos cheana le Treoir 2003/87/CE agus Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27], ba cheart feidhm a bheith ag na sásraí dliteanais sin chun rialáil dhúbailte a sheachaint.

(15) Tá acmhainneacht láidir ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin chun réitigh ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht a sholáthar, fiú mura féidir comhbhabhtálacha a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, is iomchuí ceanglais íosta inbhuanaitheachta a bhunú chun a áirithiú go mbeidh tionchar neodrach ag gníomhaíochtaí aistrithe carbóin nó go gcruthófar comhthairbhí leo i dtaca leis na cuspóirí inbhuanaitheachta a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin, cosaint agus athbhunú bithéagsúlachta agus éiceachóras, úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach, agus cosc agus rialú ar thruailliú. Ba cheart do na ceanglais inbhuanaitheachta sin, de réir mar is iomchuí, agus coinníollacha áitiúla á gcur san áireamh, cur leis na critéir scagtha theicniúla maidir le 'Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh' maidir le gníomhaíochtaí foraoiseachta agus stóráil bhuan gheolaíoch $CO_2$ faoi thalamh, a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún[28], agus maidir leis na critéir inbhuanaitheachta maidir le hamhábhar bithmhaise foraoise agus talmhaíochta a leagtar síos in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus

---

27 Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé- ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, Treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

28 Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO L 442, 9.12.2021, lch. 1).

ón gComhairle[29]. Níor cheart cleachtais amhail monashaothrú foraoise a mbíonn éifeachtaí díobhálacha acu ar an mbithéagsúlacht a bheith incháilithe do dheimhniú.

(16) Cuireann cleachtais feirmeoireachta a bhaineann $CO_2$ as an atmaisféar le cuspóir na haeráidneodrachta agus ba cheart iad a chúiteamh, tríd an gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) nó trí thionscnaimh phoiblí nó phríobháideacha eile. Go sonrach, ba cheart cleachtais feirmeoireachta dá dtagraítear sa Teachtaireacht maidir le Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe[30] a chur san áireamh sa Rialachán seo.

(17) Féadfaidh oibreoirí nó grúpa oibreoirí comhthairbhí a thuairisciú a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta. Chuige sin, ba cheart dá dtuairisciú na modheolaíochtaí deimhniúcháin atá curtha in oiriúint do na gníomhaíochtaí aistrithe carbóin éagsúla, arna bhforbairt ag an gCoimisiún, a chomhlíonadh. Ba cheart do mhodheolaíochtaí deimhniúcháin, a mhéid is féidir, giniúint comhthairbhí don bhithéagsúlacht a dhreasú thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta. Leis na comhthairbhí breise sin, tabharfar luach eacnamaíoch níos mó do na haistrithe carbóin deimhnithe agus is é a bheidh mar thoradh orthu ioncam níos airde do na hoibreoirí. I bhfianaise na mbreithnithe sin, is iomchuí don Choimisiún tús áite a thabhairt d'fhorbairt modheolaíochtaí deimhniúcháin oiriúnaithe maidir le gníomhaíochtaí feirmeoireachta carbóin lena soláthraítear comhthairbhí móra don bhithéagsúlacht.

(18) Is iomchuí modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a fhorbairt le haghaidh na ngníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin chun na critéir cháilíochta a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe infhíoraithe inchomparáide. Leis na modheolaíochtaí sin, ba cheart deimhniú láidir trédhearcach a áirithiú den ghlantairbhe aistrithe carbóin a ghintear leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, agus ag an am céanna ualach riaracháin díréireach ar oibreoirí nó ar ghrúpa oibreoirí a sheachaint, go háirithe d'fheirmeoirí beaga agus do shealbhóirí foraoise. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe do na gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin. Ba cheart na modheolaíochtaí sin a fhorbairt i ndlúthchomhar leis an nGrúpa Saineolaithe um Aistrithe Carbóin agus leis na gníomhaithe leasmhara eile uile. Ní mór dóibh a bheith bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is fearr atá ar fáil, tógáil ar scéimeanna agus modheolaíochtaí poiblí agus príobháideacha atá ann cheana le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin, agus aon chaighdeán ábhartha agus aon riail ábhartha a glacadh ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chur san áireamh.

(19) Chun próiseas deimhniúcháin inchreidte iontaofa a áirithiú, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh neamhspleách tríú páirtí. Go sonrach, ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchadh deimhniúcháin tosaigh sula gcuirfear chun feidhme iad, lena bhfíorófaí go gcomhlíonann siad na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear an cainníochtú ceart maidir leis an nglantairbhe aistrithe carbóin measta. Ba cheart gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a bheith faoi réir iniúchtaí athdheimhniúcháin go tráthrialta chun comhlíonadh na n-aistrithe carbóin a ghintear a fhíorú. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an

[29] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

[30] Teachtaireacht ón gCoimisiún, Timthriallta Carbóin Inbhuanaithe, COM (20221) 800.

struchtúr, na sonraí teicniúla agus an fhaisnéis íosta atá le bheith sa tuairisc maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, agus sna tuarascálacha iniúchóireachta deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin, a leagan amach.

(20) Tá sé ríthábhachtach eolas, uirlisí agus modhanna feabhsaithe a chur ar fáil do bhainisteoirí talún chun na haistrithe carbóin a mheasúnú agus a optamú ar bhealach níos fearr chun gníomhaíochtaí maolaithe a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach agus chun a rannpháirtíocht i bhfeirmeoireacht carbóin a chinntiú. Tá sé sin ábhartha go háirithe d'fheirmeoirí beaga nó sealbhóirí foraoise an Aontais nach mbíonn an fios ná an saineolas is gá acu chun gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a chur chun feidhme agus chun na critéir cháilíochta is gá agus na modheolaíochtaí deimhniúcháin gaolmhara a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, is iomchuí a cheangal ar eagraíochtaí táirgeoirí soláthar seirbhísí comhairleacha ábhartha a éascú trí chomhairle theicniúil a thabhairt dá gcomhaltaí. Is féidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta agus le státchabhair náisiúnta tacaíocht airgeadais a thabhairt chun seirbhísí comhairleacha, malartú eolais, oiliúint, gníomhaíochtaí faisnéise nó tionscadail nuálaíochta idirghníomhacha le feirmeoirí agus le foraoiseoirí a sholáthar.

(21) Is iomchuí go mbeidh deimhnithe aistrithe carbóin mar bhonn taca d'úsáidí deiridh éagsúla, amhail fardail náisiúnta agus chorparáideacha gás ceaptha teasa a thiomsú, lena n-áirítear maidir le Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31], cruthúnas ar mhaímh a bhaineann leis an aeráid agus éilimh chorparáideacha eile maidir leis an gcomhshaol (lena n-áirítear maidir leis an mbithéagsúlacht), nó aonaid fhíoraithe aistrithe carbóin a mhalartú trí mhargaí deonacha fritháirimh carbóin. Chuige sin, ba cheart faisnéis chruinn thrédhearcach a bheith sa deimhniú maidir leis an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear na haistrithe iomlána agus an glantairbhe aistrithe carbóin a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn II lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe a shonrú nó a leasú tuilleadh.

(22) Chun fíorú cruinn láidir trédhearcach a áirithiú, ba cheart na hinniúlachtaí agus na scileanna is gá a bheith ag na comhlachtaí deimhniúcháin atá freagrach as gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dheimhniú agus ba cheart iad a bheith creidiúnaithe ag na húdaráis creidiúnaithe náisiúnta de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. Chun coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, ba cheart do na comhlachtaí deimhniúcháin a bheith go hiomlán neamhspleách ar an oibreoir a dhéanann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin atá faoi réir an deimhnithe. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú le cur chun feidhme ceart an phróisis deimhniúcháin a áirithiú trí mhaoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcomhlachtaí deimhniúcháin atá creidiúnaithe ag údaráis creidiúnaithe náisiúnta, agus trí na scéimeanna deimhniúcháin a chur ar an eolas faoi thorthaí neamhchomhlíonta ábhartha.

---

31 Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1).

32 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

(23) Ba cheart d'oibreoirí scéimeanna deimhniúcháin a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú. Dá bhrí sin, ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin feidhmiú ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta atá iontaofa agus trédhearcach agus ba cheart cruinneas, iontaofacht, sláine agus neamhshéanadh tionscnaimh, agus cosaint i gcoinne calaois faisnéise agus sonraí a chuirtear isteach ag oibreoirí, a áirithiú. Ba cheart dóibh cuntasaíocht cheart na n-aonad fíoraithe aistrithe carbóin a áirithiú freisin, go háirithe trí chomhaireamh dúbailte a sheachaint. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena n-áirítear caighdeáin leordhóthanacha iontaofachta, trédhearcachta, cuntasaíochta agus iniúchóireachta neamhspleáiche atá le cur i bhfeidhm ag scéimeanna deimhniúcháin, chun an deimhneacht dhlíthiúil is gá a áirithiú a mhéid a bhaineann leis na rialacha is infheidhme maidir le hoibreoirí agus maidir le scéimeanna deimhniúcháin. Chun próiseas deimhniúcháin costéifeachtach a áirithiú, ba cheart é a bheith de chuspóir freisin ag na rialacha teicniúla comhchuibhithe sin maidir le deimhniú an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú d'oibreoirí, nó do ghrúpa oibreoirí, go háirithe d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), lena n-áirítear feirmeoirí agus foraoiseoirí beaga.

(24) Chun rialú iontaofa comhchuibhithe maidir le deimhniúchán a áirithiú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cinntí a ghlacadh lena n-aithnítear scéimeanna deimhniúcháin a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, lena n-áirítear maidir le hinniúlacht theicniúil, iontaofacht, trédhearcacht agus iniúchóireacht neamhspleách. Ba cheart na cinntí aitheantais sin a bheith teoranta ó thaobh ama de. Chuige sin, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le hábhar agus próisis aitheantais an Aontais do scéimeanna deimhniúcháin.

(25) Maidir le forálacha Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil[33] ('Coinbhinsiún Aarhus') a mhéid a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, leanann na forálacha sin, go háirithe na forálacha a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, de bheith infheidhme, i gcás inarb ábhartha.

(26) Ba cheart do scéimeanna deimhniúcháin clárlanna poiblí idir-inoibritheacha a bhunú agus a choinneáil ar bun chun trédhearcacht agus inrianaitheacht iomlán deimhnithe aistrithe carbóin a áirithiú, agus chun an riosca calaoise agus comhairimh dhúbailte a sheachaint. D'fhéadfadh calaois tarlú má eisítear níos mó ná deimhniú amháin le haghaidh na gníomhaíochta aistrithe carbóin céanna ós rud é gur cláraíodh an ghníomhaíocht faoi dhá scéim deimhniúcháin éagsúla nó gur cláraíodh í faoi dhó faoin scéim chéanna. D'fhéadfadh calaois tarlú freisin nuair a úsáidtear an deimhniú céanna roinnt uaireanta chun an maíomh céanna a dhéanamh bunaithe ar ghníomhaíocht aistrithe carbóin nó ar aonad aistrithe carbóin. Ba cheart do na clárlanna na doiciméid a eascraíonn as próiseas deimhniúcháin aistrithe carbóin a stóráil, lena n-áirítear achoimrí ar iniúchtaí deimhniúcháin agus tuarascálacha iniúchóireachta athdheimhniúcháin, na deimhnithe agus deimhnithe nuashonraithe, agus ba cheart iad a chur ar fáil go poiblí i bhfoirm leictreonach. Ba cheart do na clárlanna taifead a

---

33 Cinneadh 2005/370/CE ón gComhairle an 17 Feabhra 2005 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, (IO L 124, 17.5.2005, lch. 1).

dhéanamh freisin de na haonaid aistrithe carbóin dheimhnithe a chomhlíonann critéir cháilíochta an Aontais. Chun cothrom iomaíochta laistigh den mhargadh aonair a áirithiú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach caighdeáin agus rialacha teicniúla maidir le feidhmiú agus idir-inoibritheacht na gclárlann sin.

(27) Tá ról tábhachtach ag scéimeanna deimhniúcháin maidir le fianaise a sholáthar go bhfuil na critéir cháilíochta le haghaidh aistrithe carbóin á gcomhlíonadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, go gceanglódh an Coimisiún ar scéimeanna deimhniúcháin tuairisc a thabhairt go tráthrialta ar a ngníomhaíochtaí. Ba cheart na tuarascálacha sin a chur ar fáil go poiblí, ina n-iomláine nó, i gcás inarb iomchuí, i bhformáid chomhiomlánaithe, chun trédhearcacht a mhéadú agus chun maoirseacht an Choimisiúin a fheabhsú. Ina theannta sin, bheadh sna tuarascálacha sin an fhaisnéis ba ghá don Choimisiún chun tuarascáil a thabhairt ar oibríocht scéimeanna deimhniúcháin d'fhonn dea-chleachtais a aithint agus togra a thíolacadh, dá mba iomchuí, chun na dea-chleachtais sin a chur chun cinn. Chun tuairisciú inchomparáide comhsheasmhach a áirithiú, ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach na sonraí teicniúla maidir le hábhar agus formáid na dtuarascálacha arna dtarraingt suas ag na scéimeanna deimhniúcháin.

(28) Chun a chur ar a chumas d'oibreoirí na critéir cháilíochta a leagtar amach sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach caighdeánaithe costéifeachtach, agus saintréithe sonracha gníomhaíochtaí éagsúla aistrithe carbóin á gcur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí mhodheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe a bhunú maidir le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí aistrithe carbóin. Ba cheart an Coimisiún a bheith in ann Iarscríbhinn II a leasú lena liostaítear an fhaisnéis íosta atá le bheith sna deimhnithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[34]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(29) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme a thugtar don Choimisiún a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35]. Chun na cumhachtaí cur chun feidhme a leagtar síos sa Rialachán seo a chumhachtú, ba cheart don Choimisiún cúnamh a fháil maidir lena gcuid dualgas faoin Rialachán seo ón gCoiste um Athrú Aeráide, a bunaíodh de bhun Airteagal 44(3) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36].

---

[34] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

[35] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

[36] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

(30) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis an athbhreithnithe dhomhanda a comhaontaíodh faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras. Ba cheart a chur san áireamh sna hathbhreithnithe sin na forbairtí ábhartha a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, forbairtí margaidh i réimse na n-aistrithe carbóin agus na slándála bia lena n-áirítear infhaighteacht bia agus inacmhainneacht bia, agus ba cheart na hathbhreithnithe sin a bheith bunaithe ar thorthaí an athbhreithnithe dhomhanda ar Chomhaontú Pháras.

(31) Ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, is é sin úsáid aistrithe carbóin ardcháilíochta a chur chun cinn agus an riosca a bhaineann le snas glas a íoslaghdú ag an am céanna, a bhaint amach go leordhóthanach ina n-aonar, agus de bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta atá beartaithe, is fearr is féidir na cuspóirí sin a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Caibidil 1
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*

**Ábhar agus raon feidhme**

1. Is é is cuspóir don Rialachán seo úsáid aistrithe carbóin ag oibreoirí nó ag grúpaí oibreoirí a éascú. Chuige sin, leis an Rialachán seo bunaítear creat deonach de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin a dheimhniú, trí na nithe seo a leanas a leagan síos:

   (a) critéir cháilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin a dhéantar san Aontas;

   (b) rialacha maidir le haistrithe carbóin a fhíorú agus a dheimhniú;

   (c) rialacha maidir le feidhmiú agus aitheantas scéimeanna deimhniúcháin ag an gCoimisiún.

2. Níl feidhm ag an gcreat deonach sin de chuid an Aontais chun aistrithe carbóin a dheimhniú maidir le hastaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE, seachas astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó bhithmhais inbhuanaithe atá nialas-rátaithe a stóráil i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann léi.

---

Treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'aistriú carbóin' carbón atmaisféarach nó bithghineach a stóráil laistigh de linnte carbóin geolaíocha, linnte carbóin bithghineacha, táirgí fadtéarmacha agus ábhair fhadtéarmacha, agus an mhuirthimpeallacht, nó scaoileadh carbóin ó linn carbóin bhithghineach san atmaisféar a laghdú;

(b) ciallaíonn 'gníomhaíocht aistrithe carbóin' cleachtas nó próiseas amháin nó níos mó a dhéanann oibreoir a bhfuil stóráil bhuan carbóin mar thoradh air, lena bhfeabhsaítear gabháil carbóin i linn carbóin bhithghineach, lena laghdaítear scaoileadh carbóin ó linn carbóin bhithghineach chuig an atmaisféar, nó lena stóráiltear carbón atmaisféarach nó bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

(c) ciallaíonn 'linn carbóin bhithghineach' bithmhais os cionn talún, bithmhais faoi thalamh, bruscar, adhmad marbh agus carbón orgánach ithreach mar a leagtar amach i bpointí (a) go (e) de Chuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán 2018/841;

(d) ciallaíonn 'oibreoir' aon duine dlítheanach nó fisiciúil a oibríonn nó a rialaíonn gníomhaíocht aistrithe carbóin, nó a bhfuil cumhacht eacnamaíoch chinntitheach thar fheidhmiú teicniúil na gníomhaíochta tarmligthe chuige;

(e) ciallaíonn 'grúpa oibreoirí' eintiteas dlítheanach a dhéanann ionadaíocht ar níos mó ná oibreoir amháin agus atá freagrach as a áirithiú go gcomhlíonann na hoibreoirí sin an Rialachán seo;

(f) ciallaíonn 'tréimhse faireacháin' tréimhse, a gcinntear a fad i gcomhréir leis an gcineál gníomhaíochta aistrithe carbóin, ar lena linn a dhéanann an t-oibreoir faireachán ar stóráil carbóin;

(g) ciallaíonn 'stóráil carbóin bhuan' gníomhaíocht aistrithe carbóin, faoi ghnáthchúinsí agus cleachtais bhainistíochta iomchuí á n-úsáid, a stórálann carbón atmaisféarach nó bithghineach ar feadh na gcéadta bliain, lena n-áirítear bithfhuinneamh le gabháil agus stóráil carbóin agus dírghabháil agus stóráil carbóin;

(h) ciallaíonn 'feirmeoireacht carbóin' gníomhaíocht aistrithe carbóin a bhaineann le bainistíocht talún as a n- eascraíonn méadú ar stóráil carbóin i mbithmhais bheo, ábhar orgánach marbh agus ithreacha tríd an ngabháil carbóin a fheabhsú agus/nó scaoileadh an charbóin san atmaisféar a laghdú;

(i) ciallaíonn 'stóráil carbóin i dtáirgí' gníomhaíocht aistrithe carbóin lena stóráiltear carbón atmaisféarach agus bithghineach i dtáirgí fadtéarmacha nó in ábhair fhadtéarmacha;

(j) ciallaíonn 'comhlacht deimhniúcháin' comhlacht neamhspleách, creidiúnaithe nó aitheanta um measúnú comhréireachta a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích aige le scéim deimhniúcháin chun iniúchtaí deimhniúcháin a dhéanamh agus chun deimhnithe a eisiúint;

(k) ciallaíonn 'scéim deimhniúcháin' scéim arna bainistiú ag eagraíocht phríobháideach nó phoiblí a dhéanann formhaoirseacht ar dheimhniú comhlíontachta oibreoirí nó grúpa oibreoirí leis an Rialachán seo;

(l) ciallaíonn 'iniúchadh deimhniúcháin' iniúchadh arna dhéanamh ag comhlacht deimhniúcháin;

(m) ciallaíonn 'iniúchadh athdheimhniúcháin' iniúchadh a dhéantar le linn an phróisis chun deimhniú, arna eisiúint ag comhlacht deimhniúcháin, a athnuachan;

(n) ciallaíonn 'deimhniú' ráiteas comhréireachta arna eisiúint ag an gcomhlacht deimhniúcháin lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin an Rialachán seo;

(o) ciallaíonn 'aonad aistrithe carbóin' aon tona amháin de ghlantairbhe aistrithe carbóin a ghintear le gníomhaíocht aistrithe carbóin agus atá cláraithe le scéim deimhniúcháin.

*Airteagal 3*

**Incháilitheacht do dheimhniúchán**

Beidh aistrithe carbóin incháilithe do dheimhniúchán faoin Rialachán seo i gcás ina gcomhlíonann siad an dá choinníoll seo a leanas:

(a) gintear iad ó ghníomhaíocht aistrithe carbóin a chomhlíonann na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagail 4 go 7;

(b) fíoraítear go neamhspleách iad i gcomhréir le hAirteagal 9.

# Caibidil 2
# CRITÉIR CHÁILÍOCHTA

*Airteagal 4*

**Cainníochtú**

1. Soláthróidh gníomhaíocht aistrithe carbóin glantairbhe aistrithe carbóin, a dhéanfar a chainníochtú trí úsáid a bhaint as an bhfoirmle seo a leanas:

Glantairbhe aistrithe carbóin = $AC_{bonnlíne} – AC_{iomlán} – GCT_{méadú} > 0$

i gcás na luachanna seo a leanas a bheith i gceist:

(a) Is é $AC_{bonnlíne}$ na haistrithe carbóin faoin mbonnlíne;

(b) Is é $AC_{iomlán}$ aistrithe carbóin iomlána na gníomhaíochta aistrithe carbóin;

(c) Is é $GCT_{méadú}$ an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha agus indíreacha seachas iad siúd ó linnte carbóin bithghineacha i gcás feirmeoireacht carbóin, arb é is cúis leo an ghníomhaíocht aistrithe carbóin a chur chun feidhme.

2. I gcás feirmeoireacht carbóin, tuigfear $AC_{bonnlíne}$ agus $AC_{iomlán}$ mar glanaistrithe nó glanastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/841.

3. Déanfar cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (c), a ainmniú le comhartha diúltach (-) más glanaistrithe gás ceaptha teasa iad agus le comhartha deimhneach (+) más glanastaíochtaí gás ceaptha teasa iad; déanfar iad a shloinneadh i dtonaí de choibhéis dé-ocsaíde carbóin.

4. Déanfar aistrithe carbóin a chainníochtú ar bhealach ábhartha cruinn iomlán comhsheasmhach trédhearcach.

5. Comhfhreagróidh an bhonnlíne d'fheidhmíocht chaighdeánach aistrithe carbóin gníomhaíochtaí inchomparáide in imthosca sóisialta, eacnamaíocha, comhshaoil agus teicneolaíocha comhchosúla agus cuirfear an comhthéacs geografach san áireamh.

6. De mhaolú ar mhír 5, i gcás ina mbeidh údar cuí leis, féadfar an bhonnlíne a bhunú ar fheidhmíocht aonair aistrithe carbóin na gníomhaíochta sin.

7. Déanfar an bhonnlíne a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

8. Leis an gcainníochtú aistrithe carbóin, cuirfear éiginnteachtaí san áireamh i gcomhréir le cineálacha cur chuige staidrimh aitheanta.

9. Chun tacú le cainníochtú aistrithe carbóin a ghintear le feirmeoireacht carbóin, baileoidh an t-oibreoir nó an grúpa oibreoirí sonraí maidir le haistrithe carbóin agus astaíochtaí gás ceaptha teasa ar bhealach atá comhoiriúnach le fardail náisiúnta gás ceaptha teasa faoi Rialachán (AE) 2018/841 agus faoi Chuid 3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1999.

*Airteagal 5*

**Breisíocht**

1. Is gníomhaíocht bhreise a bheidh i ngníomhaíocht aistrithe carbóin. Chuige sin, comhlíonfaidh an ghníomhaíocht aistrithe carbóin an dá chritéar seo a leanas:

(a) téann sé thar ceanglais reachtacha an Aontais agus ceanglais reachtacha náisiúnta;

(b) tarlaíonn sé de bharr éifeacht dreasachta an deimhnithe.

2. I gcás ina mbunófar an bhonnlíne de bhun Airteagal 4(5), meastar gur comhlíonadh an bhreisíocht dá dtagraítear i mír 1. I gcás ina mbunófar an bhonnlíne de bhun Airteagal 4(6), léireofar breisíocht dá dtagraítear i mír 1, pointí (a) agus (b), trí thástálacha sonracha.

*Airteagal 6*

**Stóráil fhadtéarmach**

1. Léireoidh oibreoir nó grúpa oibreoirí go bhfuil sé d'aidhm ag gníomhaíocht aistrithe carbóin stóráil fhadtéarmach carbóin a áirithiú.

2. Chun críocha mhír 1, comhlíonfaidh oibreoir nó grúpa oibreoirí an dá chritéar seo a leanas:

(a) déanfaidh siad faireachán agus maolú ar aon riosca go scaoilfear an carbón stóráilte a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin;

(b) beidh siad faoi réir sásraí iomchuí dliteanais chun aghaidh a thabhairt ar aon scaoileadh den charbón stóráilte a tharlaíonn le linn na tréimhse faireacháin.

3. Maidir le feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí, measfar go scaoilfear an carbón san atmaisféar a stóráiltear le gníomhaíocht aistrithe carbóin ag deireadh na tréimhse faireacháin.

*Airteagal 7*

**Inbhuanaitheacht**

1. Beidh tionchar neodrach ag gníomhaíocht aistrithe carbóin ar na cuspóirí inbhuanaitheachta seo a leanas ar fad nó déanfaidh sí comhthairbhí a ghiniúint ina leith:

   (a) maolú ar an athrú aeráide thar an nglantairbhe aistrithe carbóin dá dtagraítear in Airteagal 4(1);

   (b) oiriúnú don athrú aeráide;

   (c) úsáid inbhuanaithe a bhaint as uisce agus acmhainní muirí agus iad a chosaint;

   (d) aistriú chuig geilleagar ciorclach;

   (e) truailliú a chosc agus a rialú;

   (f) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú.

2. Chun críocha mhír 1, comhlíonfaidh gníomhaíocht aistrithe carbóin na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a leagtar síos sna modheolaíochtaí deimhniúcháin, a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 8.

3. I gcás ina dtuairisceoidh oibreoir nó grúpa oibreoirí comhthairbhí a rannchuidíonn leis na cuspóirí inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 1 thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta dá dtagraítear i mír 2, comhlíonfaidh siad na modheolaíochtaí deimhniúcháin a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 8. Déanfaidh na modheolaíochtaí deimhniúcháin giniúint comhthairbhí a théann thar na ceanglais íosta inbhuanaitheachta a dhreasú a mhéid is féidir, go háirithe don chuspóir dá dtagraítear i mír 1, pointe (f).

*Airteagal 8*

**Modheolaíochtaí deimhniúcháin**

1. Cuirfidh oibreoir nó grúpa oibreoirí na modheolaíochtaí deimhniúcháin ábhartha i bhfeidhm chun na critéir a leagtar síos in Airteagail 4 go 7 a chomhlíonadh.

2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun modheolaíochtaí deimhniúcháin teicniúla dá dtagraítear i mír 1 a bhunú maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le stóráil bhuan carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí. Áireofar sna modheolaíochtaí deimhniúcháin sin ar a laghad na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

3. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á n-ullmhú ag an gCoimisiún, cuirfidh sé na gnéithe seo a leanas san áireamh:

   (a) na cuspóirí maidir le stóinseacht aistrithe carbóin a áirithiú agus cosaint agus athbhunú éiceachóras a aithint;

   (b) na cuspóirí maidir leis an ualach riaracháin ar oibreoirí a íoslaghdú, go háirithe d’oibreoirí feirmeoireachta carbóin ar mhionscála;

   (c) dlí ábhartha an Aontais agus an dlí ábhartha náisiúnta;

(d) modheolaíochtaí ábhartha agus caighdeáin ábhartha deimhniúcháin de chuid an Aontais agus idirnáisiúnta.

# Caibidil 3
# DEIMHNIÚ

*Airteagal 9*

**Deimhniú comhlíontachta**

1. Chun iarratas a dhéanamh ar dheimhniú comhlíontachta an Rialacháin seo, cuirfidh oibreoir nó grúpa oibreoirí iarratas faoi bhráid scéime deimhniúcháin. Ar ghlacadh leis an iarratas sin, cuirfidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí tuairisc chuimsitheach faoi bhráid comhlachta deimhniúcháin ar an ngníomhaíocht aistrithe carbóin, lena n-áirítear an mhodheolaíocht deimhniúcháin a cuireadh i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagail 4 go 7, na haistrithe carbóin iomlána measta agus an glantairbhe aistrithe carbóin. Sonróidh grúpaí oibreoirí freisin cén chaoi a soláthraítear seirbhísí comhairleacha maidir le gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, go háirithe d'oibreoirí feirmeoireachta carbóin ar mhionscála.

2. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchadh deimhniúcháin chun an fhaisnéis a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 1 a fhíorú agus chun a dheimhniú go gcomhlíonann an ghníomhaíocht aistrithe carbóin Airteagail 4 go 7. Mar thoradh ar an iniúchadh deimhniúcháin sin, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil iniúchta deimhniúcháin, ina mbeidh achoimre, agus deimhniú ina mbeidh, ar a laghad, an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Déanfaidh an scéim deimhniúcháin rialú ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin agus an deimhniú, agus cuirfidh sí an achoimre ar an tuarascáil iniúchta deimhniúcháin ar fáil go poiblí sa chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 12.

3. Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin iniúchtaí athdheimhniúcháin go tréimhsiúil chun comhlíonadh na gníomhaíochta aistrithe carbóin le hAirteagail 4 go 7 a athdheimhniú agus chun an tairbhe carbóin a ghintear a fhíorú. Mar thoradh ar an iniúchadh athdheimhniúcháin, eiseoidh an comhlacht deimhniúcháin tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin, ina mbeidh achoimre, agus deimhniú nuashonraithe. Déanfaidh an scéim deimhniúcháin rialú ar an tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin agus ar an deimhniú nuashonraithe, agus cuirfidh sí achoimre ar an tuarascáil iniúchta athdheimhniúcháin, an deimhniú nuashonraithe agus na haonaid dheimhnithe aistrithe carbóin ar fáil go poiblí i gclárlann dá dtagraítear in Airteagal 12.

4. Tacóidh an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí leis an gcomhlacht deimhniúcháin le linn iniúchtaí deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin, go háirithe trí rochtain a thabhairt ar áitreabh na gníomhaíochta agus trí shonraí agus doiciméid ábhartha a sholáthar.

5. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun struchtúr, formáid, sonraí teicniúla na tuairisce cuimsithí ar an ngníomhaíocht aistrithe carbóin dá dtagraítear i mír 1, agus na dtuarascálacha iniúchta deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, a leagan amach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

*Airteagal 10*

**Comhlachtaí deimhniúcháin**

1. Déanfaidh údarás creidiúnaithe náisiúnta comhlachtaí deimhniúcháin arna gceapadh ag scéimeanna deimhniúcháin a chreidiúnú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37].

2. Beidh na comhlachtaí deimhniúcháin mar seo a leanas:

(a) inniúil ar na hiniúchtaí deimhniúcháin agus athdheimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 9 a dhéanamh;

(b) neamhspleách ar na hoibreoirí nó ar ghrúpa oibreoirí, agus na gníomhaíochtaí a cheanglaítear faoin Rialachán seo a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

3. Chun críoch mhír 2, pointe (b), ní bheidh comhlachtaí deimhniúcháin ná aon chuid díobh mar seo a leanas:

(a) ina n-oibreoir nó ina ngrúpa oibreoirí, ina n-úinéir oibreora nó grúpa oibreoirí, nó faoi úinéireacht acu;

(b) i gcaidrimh le hoibreoirí nó le grúpa oibreoirí, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhspleáchas agus dá neamhchlaontacht.

4. Déanfaidh na Ballstáit maoirseacht ar oibriú comhlachtaí deimhniúcháin. Cuirfidh comhlachtaí deimhniúcháin isteach, arna iarraidh sin do na húdaráis inniúla náisiúnta, an fhaisnéis ábhartha uile is gá chun maoirseacht a dhéanamh ar a n-oibriú, lena n-áirítear dáta, am agus suíomh na n-iniúchtaí dá dtagraítear in Airteagal 9. I gcás ina n-aimseoidh na Ballstáit saincheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfidh siad an comhlacht deimhniúcháin agus an scéim deimhniúcháin ábhartha ar an eolas faoi sin gan mhoill.

# Caibidil 4
# SCÉIMEANNA DEIMHNIÚCHÁIN

*Airteagal 11*

**Scéimeanna deimhniúcháin a fheidhmiú**

1. Chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú, bainfidh oibreoir nó grúpa oibreoirí úsáid as scéim deimhniúcháin atá aitheanta ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 13.

2. Feidhmeoidh scéimeanna deimhniúcháin ar bhonn rialacha agus nósanna imeachta iontaofa agus trédhearcacha, go háirithe maidir le bainistíocht agus monatóireacht inmheánach, gearáin agus achomhairc a láimhseáil, comhairliúchán le páirtithe leasmhara, trédhearcacht agus foilsiú faisnéise, ceapadh agus oiliúint comhlachtaí deimhniúcháin, aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna neamh-chomhréireachta, forbairt agus bainistiú clárlann.

3. Fíoróidh scéimeanna deimhniúcháin an raibh an fhaisnéis agus na sonraí a chuir an t-oibreoir nó grúpa oibreoirí isteach chun comhlíonadh a dheimhniú de bhun

[37] Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

Airteagal 9 faoi réir iniúchadh neamhspleách agus an ndearnadh an deimhniú comhlíontachta ar bhealach cruinn, iontaofa agus costéifeachtach.

4. Foilseoidh scéimeanna deimhniúcháin, go bliantúil ar a laghad, liosta na gcomhlachtaí deimhniúcháin a cheaptar, ina luafar, i gcás gach comhlachta deimhniúcháin, cén t-eintiteas nó údarás poiblí náisiúnta a bhfuil sé aitheanta aige agus cén t-eintiteas nó údarás poiblí náisiúnta a bhfuil faireachán á dhéanamh air.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach an struchtúr, an fhormáid, na mionsonraí teicniúla agus an próiseas dá dtagraítear i míreanna 2, 3 agus 4, a mbeidh feidhm acu maidir leis na scéimeanna deimhniúcháin uile. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

*Airteagal 12*

**Clárlanna**

1. Déanfaidh scéim deimhniúcháin clárlann phoiblí a bhunú agus a choinneáil ar bun go cuí chun an fhaisnéis a bhaineann leis an bpróiseas deimhniúcháin a chur ar fáil go poiblí, lena n-áirítear na deimhnithe agus na deimhnithe nuashonraithe, agus cainníocht na n-aonad aistrithe carbóin arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 9. Úsáidfidh na clárlanna sin córais uathoibrithe, lena n-áirítear teimpléid leictreonacha, agus beidh siad idir-inoibritheach.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach struchtúr, formáid agus mionsonraí na gclárlann poiblí, agus taifeadadh, coinneáil nó úsáid aonad aistrithe carbóin, dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

*Airteagal 13*

**Scéimeanna deimhniúcháin a aithint**

1. Ní fhéadfaidh oibreoirí nó grúpa oibreoirí ach scéim deimhniúcháin a aithníonn an Coimisiún trí bhíthin cinnidh a úsáid chun comhlíonadh an Rialacháin a léiriú. Beidh cinneadh den sórt sin bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana.

2. Tabharfaidh Ballstát fógra don Choimisiún maidir leis an iarratas ar aitheantas don scéim deimhniúcháin phoiblí. Tabharfaidh ionadaí dlíthiúil scéime deimhniúcháin príobháidí fógra don Choimisiún maidir leis an iarratas ar aitheantas don scéim deimhniúcháin phríobháideach.

3. Féadfaidh an Coimisiún cinneadh lena n-aithnítear scéim deimhniúcháin a aisghairm de bhun mhír 1 i gcás nach gcuireann an scéim deimhniúcháin na caighdeáin agus na rialacha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11(5) chun feidhme. I gcás ina n-ardaíonn Ballstát ábhair imní nach bhfeidhmíonn scéim deimhniúcháin i gcomhréir leis na caighdeáin agus na rialacha a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11(5) atá mar bhonn do chinntí faoi mhír 1, déanfaidh an Coimisiún an cás a imscrúdú agus déanfaidh sé gníomhaíocht iomchuí, lena n-áirítear an cinneadh ábhartha a aisghairm.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach struchtúr, formáid agus mionsonraí teicniúla na bpróiseas fógartha agus

aitheantais dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

*Airteagal 14*

**Ceanglais tuairiscithe**

1. Cuirfidh gach scéim deimhniúcháin a aithníonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin maidir lena hoibríochtaí, lena n-áirítear tuairisc ar aon chás calaoise agus ar bhearta feabhsúcháin gaolmhara. Cuirfear an tuarascáil isteach gach bliain faoin 30 Aibreán, lena gcumhdófar an bhliain féilire roimhe sin. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas tuarascáil a chur isteach ach amháin maidir le scéimeanna deimhniúcháin a d'oibrigh ar feadh 12 mhí ar a laghad.
2. Cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar fáil go poiblí, ina n-iomláine nó, i gcás inar gá chun rúndacht faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála a chaomhnú, i bhfoirm chomhiomlán.
3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach struchtúr, formáid, agus mionsonraí teicniúla na dtuarascálacha dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 17.

# Caibidil 5
# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 15*

**Leasú ar Iarscríbhinn II**

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun Iarscríbhinn II a leasú chun an liosta den fhaisnéis íosta a áirítear sna deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 9 a chur in oiriúint.

*Airteagal 16*

**Tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 15 a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinntithe ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 8 agus 13 a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar

síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 8 agus 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 2 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 17*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um Athrú Aeráide a bunaíodh le hAirteagal 44, mír (1), pointe (1) de Rialachán (AE) 2018/1999 cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 18*

**Athbhreithniú**

1. Déanfar an Rialachán seo a choinneáil faoi athbhreithniú i ngach gné, agus na forbairtí ábhartha a bhaineann le reachtaíocht an Aontais, Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus Comhaontú Pháras, dul chun cinn teicneolaíoch agus eolaíoch, forbairtí margaidh i réimse na n-aistrithe carbóin, agus slándáil bia an Aontais á gcur san áireamh.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus tráth nach déanaí ná deireadh 2028, agus ina dhiaidh sin laistigh de 6 mhí tar éis thoradh gach athbhreithnithe dhomhanda a chomhaontaítear faoi Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras.

*Airteagal 19*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| *[...]* | *[...]* |

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH**

## Clár


1. COMHTHÉACS AN TOGRA ........ 1
• Forais agus cuspóirí an togra ........ 1
• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana ........ 2
• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais ........ 4
2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT ........ 5
• Bunús dlí ........ 5
• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach) ........ 5
• Comhréireacht ........ 5
• An rogha ionstraime ........ 5
3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR6
• Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana ... 6
• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ........ 6
• Bailiú agus úsáid saineolais ........ 7
• Measúnú tionchair agus tuairim an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála ........ 7
• Oiriúnacht rialála agus simpliú ........ 10
• Cearta bunúsacha ........ 10
4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA ........ 10
5. EILIMINTÍ EILE ........ 11
• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe ........ 11
• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra ........ 11
1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ........ 24
1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ........ 24
1.2. Réimsí beartais lena mbaineann ........ 24
1.3. Baineann an togra/tionscnamh leis an méid seo a leanas: ........ 24
1.4. Cuspóirí ........ 24
1.4.1. Cuspóirí ginearálta ........ 24
1.4.2. Cuspóirí sonracha ........ 24
1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo ........ 25
1.4.4. Táscairí feidhmíochta ........ 25
1.5. Forais an togra/tionscnaimh ........ 25

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh ........ 25
1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin. ........ 26
1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ........ 27
1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ........ 27
1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ........ 28
1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh ........ 28
1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe ........ 28
2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ........ 30
2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ........ 30
2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe ........ 30
2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe30
2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ........ 30
2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) ........ 30
2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ........ 30
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ........ 31
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar ........ 31
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ........ 32
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 32
3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 35
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin ........ 36
3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ........ 39
3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ........ 39
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ........ 40

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat Eorpach le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Gníomhaíocht ar son na hAeráide

Ceannteideal 3 – Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol Teideal 9 – An Comhshaol agus Gníomhaíocht ar son na hAeráide (MFF 2021/27)

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh leis an méid seo a leanas:

X **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[38]

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é cuspóir ginearálta an Rialacháin atá beartaithe maidir le deimhniú aistrithe carbóin: chun giniúint aistrithe carbóin ardcháilíochta a chur chun cinn d'fhonn tacú le baint amach chuspóir aeráidneodrachta 2050 a leagtar amach sa Dlí Aeráide Eorpach agus chuspóirí comhshaoil eile an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Áirítear ar chuspóirí sonracha an Rialacháin atá beartaithe maidir le deimhniú aistrithe carbóin an méid seo a leanas:

1. Ceithre chritéar cháilíochta a leagan amach (faoin acrainm **QU.A.L.ITY**): **QU** = cainníochtú, **A** = breisíocht agus bonnlínte, **L** = stóráil fhadtéarmach, agus **ITY** = inbhuanaitheacht chun aistrithe carbóin ardcháilíochta a ghintear san Aontas a aithint agus a dheimhniú.

2. Modheolaíochtaí deimhniúcháin a fhorbairt atá curtha in oiriúint do gach cineál gníomhaíochta aistrithe carbóin, chun cur chun feidhme comhchuibhithe agus ceart chritéir Q.U.A.L.ITY a chur chun cinn.

3. Iontaoibh an phobail as aistrithe carbóin a mhéadú trí thrédhearcacht agus stóinseacht an phróisis deimhniúcháin a áirithiú, lena n-áirítear na scéimeanna deimhniúcháin arna n-aithint ag an gCoimisiún agus clárlanna poiblí aistrithe carbóin.

---

38 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é an tionchar is tábhachtaí a bheidh ag glacadh an Rialacháin atá beartaithe méadú ar úsáid gníomhaíochtaí aistrithe carbóin lena ngintear aistrithe carbóin ardcháilíochta, rud a chuirfidh le cuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht faoi 2050. Déanann an Rialachán atá beartaithe difear d'oibreoirí eacnamaíocha amhail feirmeoirí, foraoiseoirí agus do chuideachtaí tionsclaíocha a fhorbróidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin ar an talamh; eagraíochtaí príobháideacha agus údaráis na mBallstát, a fhéadfaidh scéimeanna deimhniúcháin príobháideacha nó poiblí a fhorbairt chun an próiseas deimhniúcháin a chur chun feidhme agus a rialú. Go ginearálta, déanfaidh an Rialachán atá beartaithe difear do shaoránaigh uile na hEorpa agus an domhain toisc gur earra poiblí trasteorann é an gníomhú ar son na haeráide.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Táscaire #1: líon na ngníomhaíochtaí aistrithe carbóin lena ngintear aistrithe carbóin ardcháilíochta arna ndeimhniú faoi chreat deimhniúcháin an Aontais, rud a chuireann le sprioc 2050 maidir le haeráidneodracht.

Táscaire #2: líon na modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, go háirithe feirmeoireacht carbóin, arna bhforbairt ag an gCoimisiún.

Táscaire #3: líon na scéimeanna deimhniúcháin, arna n-aithint ag an gCoimisiún, a úsáidfidh an t-oibreoir sin chun comhlíonadh chritéir cháilíochta an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin a léiriú.

## 1.5. Forais an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

In 2021, mhéadaigh an tAontas a uaillmhian i leith na haeráide le Rialachán (AE) 2021/1119 (an Dlí Aeráide Eorpach). Leis an dlí sin, leagtar síos sprioc ceangailteach maidir le glanlaghdú foriomlán gás ceaptha teasa (GCT) de 55 % ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990 agus maidir le haeráidneodracht faoi 2050. Fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta mhí an Mhárta 2020 um an nGeilleagar Ciorclach go bhforbróidh an Coimisiún creat rialála éifeachtach chun aistrithe carbóin a dheimhniú chun glacadh aistrithe carbóin a dhreasú agus chun ciorclaíocht carbóin a mhéadú, agus lánurraim á tabhairt do na cuspóirí bithéagsúlachta. Comhlíonann an togra seo an gealltanas beartais thuasluaite.

Le linn na céime tosaigh (2024-2025): tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin (arna mheas in 2024), i ndlúthchomhar leis an ngrúpa saineolaithe ábhartha, ullmhóidh an Coimisiún trí ghníomh tarmligthe ar a laghad ina leagfar amach na modheolaíochtaí deimhniúcháin le haghaidh gníomhaíochtaí aistrithe carbóin i réimse na stórála

buaine, táirgí stórála carbóin, agus feirmeoireachta carbóin. Ní mór na modheolaíochtaí sin a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn rialta. Thairis sin, le haghaidh fhormheas ábhartha an Choiste, beidh ar an gCoimisiún dhá ghníomh cur chun feidhme a ullmhú lena leagtar amach na rialacha maidir le hoibriú na scéimeanna deimhniúcháin agus maidir lena measúnú agus lena n-aitheantas ag an gCoimisiún, agus maidir le clárlanna poiblí aistrithe carbóin a bhunú agus a oibriú.

Le linn na céime oibríochtúla ar scála iomlán (2025-agus ina dhiaidh sin): i ndlúthchomhar leis na páirtithe leasmhara agus leis an gCoiste rialála ábhartha, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar roinnt scéimeanna deimhniúcháin agus aithneoidh sé iad siúd a chomhlíonann creat rialála an Aontais trí chinntí sonracha ón gCoimisiún. Thairis sin, beidh ar an gCoimisiún beartas a fhorbairt maidir le haistrithe carbóin don tréimhse tar éis 2030.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Fadhb thrasteorann é an t- athrú aeráide. Is éifeachtaí domhanda iad na héifeachtaí atá aige, gan beann ar e.g. shuíomh fhoinsí na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. Dá bhrí sin, ní féidir na dúshláin sin a réiteach trí ghníomhaíocht náisiúnta nó trí ghníomhaíocht áitiúil amháin toisc nach dócha go mbeidh na torthaí is fearr mar thoradh ar an ngníomhaíocht aonair sin. Le comhordú ar an leibhéal Eorpach, feabhsaítear an gníomhú ar son na haeráide agus féadfar gníomhaíocht náisiúnta agus áitiúil a fhorlíonadh agus a threisiú go héifeachtach; Tá údar le gníomhaíocht an Aontais ar fhorais coimhdeachta, i gcomhréir le hAirteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Bheadh creat Eorpach níos oiriúnaí ná tionscnaimh náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an deacracht a bhaineann le cáilíocht aistrithe carbóin a mheas. Le creat den sórt sin, chruthófaí cothrom iomaíochta agus margadh inmheánach cothrom chun aistrithe carbóin a dheimhniú, rud a chuirfeadh le hinchomparáideacht agus le hiontaoibh. Ní dhéanfadh meascán tionscnamh náisiúnta sa réimse seo ach cur leis an bhfadhb seachas í a réiteach.

Beidh gá le modheolaíochtaí deimhniúcháin láidre trédhearcacha chun tacú leis an Rialachán atá beartaithe. Maidir le feirmeoireacht carbóin, leis na modheolaíochtaí, is gá tógáil ar an gcur chuige a leantar sa rialachán LULUCF atá ann cheana a chruthú agus a fhorbairt a thuilleadh. Ba cheart do na modheolaíochtaí, freisin, a bheith in ann nasc a dhéanamh ann idir roghanna bainistíochta talún arna ndéanamh in earnáil na talmhaíochta agus LULUCF agus an tionchar ar cheapadh carbóin agus cosaint na bithéagsúlachta.

Faoi láthair, tá acmhainní teoranta EEA ar fáil chun tacú le faireachán, tuairisciú agus fíorú (MRV) ar fhardal astaíochtaí LULUCF, de réir an cheanglais a leagtar síos i Rialachán AE 2018/841 (Rialachán LULUCF) agus i Rialachán AE 2018/1999 (an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide).

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Cé go mbunaítear leis an Rialachán atá beartaithe creat deimhniúcháin nua uile-Aontais le haghaidh aistrithe carbóin ardcháilíochta, cuireann sé leis an taithí seo a leanas atá ann cheana ar leibhéal an Aontais:

- Faoin gCiste don Nuálaíocht[39], tá roinnt [40]modheolaíochtaí mionsonraithe de chuid an Aontais forbartha ag an gCoimisiún chun seachaint astaíochtaí gás ceaptha teasa gníomhaíochtaí tionsclaíocha a chainníochtú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí aistrithe carbóin amhail tionscadail GSC (gabháil agus stóráil carbóin bithfhuinnimh) atá bunaithe ar bhithfhuinneamh agus tionscadail Dírghabhála agus Stórála Carbóin. Thairis sin, leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066[41] rialacha mionsonraithe maidir le faireachán agus tuairisciú astaíochtaí GCT faoi CTA.

- Faoi Threoir an Aontais maidir le Fuinneamh In-athnuaite (RED), tá beagnach 15 bliana de thaithí faighte ag an gCoimisiún i ndeimhniú na gcritéar inbhuanaitheachta le haghaidh bithfhuinnimh. Tá na critéir sin de chuid an Aontais á gcur chun feidhme ag thart ar 15 scéim deimhniúcháin phoiblí nó phríobháideacha (ar a dtugtar scéimeanna deonacha) atá aitheanta ag an gCoimisiún. Faoi RED, ghlac an Coimisiún gníomh cur chun feidhme le déanaí ina leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis an bpróiseas deimhniúcháin a dhéanann comhlachtaí deimhniúcháin agus a rialaítear le scéimeanna deimhniúcháin.

*1.5.4. Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Is cuid den Chomhaontú Glas don Eoraip an togra seo. Fógraíodh i bPlean Gníomhaíochta mhí an Mhárta 2020 um an nGeilleagar Ciorclach go bhforbróidh an Coimisiún creat rialála éifeachtach chun aistrithe carbóin a dheimhniú chun glacadh aistrithe carbóin a dhreasú agus chun ciorclaíocht carbóin a mhéadú, agus lánurraim á tabhairt do na cuspóirí bithéagsúlachta. Thairis sin, is é cuspóir foriomlán an Chomhaontaithe Ghlais reachtaíocht an Aontais a ailíniú le huaillmhian mhéadaithe aeráide agus bithéagsúlachta an Aontais. Tá an togra reachtach sin comhlántach leis na tograí aeráide agus fuinnimh a rinneadh sa phacáiste reachtach 'Oiriúnach do 55', go háirithe rialachán LULUCF agus an Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-Athnuaite.

Tá idirnaisc chomh láidir céanna ann le tionscnaimh eile de chuid an Choimisiúin maidir le feabhas a chur ar athléimneacht fhoraoisí an Aontais i gcoinne an athraithe aeráide, talamh díghrádaithe agus éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú, tailte portaigh a fhliuchadh agus an bithgheilleagar a chur chun cinn, lena n-áirítear úsáid a bhaint as táirgí adhmaid lománaithe marthanacha, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail éiceolaíocha lena gcothaítear an bhithéagsúlacht:

a) An Comhbheartas Talmhaíochta;

b) Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030;

[39] An Ciste don Nuálaíocht, https://climate.ec.europa.eu/eu-action/funding-climate-action/innovation-fund_en

[40] Glao ar thograí Iarscríbhinn C: Modheolaíocht chun seachaint astaíochtaí GCT a ríomh https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/docs/2021-2027/innovfund/wp-call/call-annex_c_innovfund-lsc-2020-two-stage_en.pdf

[41] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún, https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj

| |
|---|
| c) Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol;<br>d) Straitéis Foraoise an Aontais;<br>e) Plean Athchóirithe Dúlra an Aontais;<br>f) Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide;<br>g) Bithgheilleagar Inbhuanaithe don Eoraip;<br>h) Plean Gníomhaíochta le haghaidh Geilleagar Ciorclach le go mbeadh an Eoraip níos glaine agus níos iomaíche;<br>i) Plean Gníomhaíochta Saor ó Thruailliú;<br>j) Fís fhadtéarmach le haghaidh Cheantair Thuaithe an Aontais; |

*1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n- áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

| |
|---|
| I bhfianaise na srianta foirne agus airgeadais atá ar an gCoimisiún faoi láthair, tá a féidearthachtaí ath-imlonnaithe inmheánacha ídithe ag AS CLIMA agus tá a cuid acmhainní optamaithe a mhéid is féidir, agus gníomhairí conarthacha agus intramuros á bhfostú chun an easpa foirne a líonadh. Mar sin féin, fiú amháin i gcás go leor de na cúraimí (níos teicniúla, eolaíche) a chuirtear ar chonraitheoirí seachtracha, tá sé ríthábhachtach foireann leordhóthanach a bheith againn chun ár n-oibleagáidí a chomhlíonadh agus chun na cúraimí breise a chuirtear sa togra reachtach sin le haghaidh Rialachán maidir le deimhniú aistrithe carbóin a chur chun feidhme. |

### 1.6. Fad agus tionchar airgeadais an togra/tionscnaimh

**☐ tréimhse theoranta**

☐ i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí [LL/MM]BBBB

☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó BBBB go BBBB maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

**X tréimhse neamhtheoranta**

Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh ó lár-2024 ar aghaidh go dtí deireadh 2025,

agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

### 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[42]

☑Bainistíocht **dhíreach** arna déanamh ag an gCoimisiún

☑ ag a ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

[42] Tá mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais le fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/GA/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a chuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

*I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Mar a áirítear in Airteagal 8 den Rialachán atá beartaithe, forbróidh an Coimisiún roinnt modheolaíochtaí deimhniúcháin atá curtha in oiriúint do na príomhchineálacha gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, chun cur chun feidhme ceart, comhchuibhithe agus costéifeachtach chritéir cháilíochta an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin a áirithiú. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo.*

Mar a leagtar amach sa Rialachán atá beartaithe, ní mór do chomhlachtaí deimhniúcháin faireachán tráthrialta a dhéanamh ar na maímh aistrithe carbóin a dhéanann oibreoirí agus iad a thuairisciú agus a fhíorú go neamhspleách. Beidh na tuarascálacha sin go léir ar fáil go poiblí ar chlárlanna scéimeanna deimhniúcháin agus cuirfear méid mór faisnéise ar fáil maidir le tionchair an Rialacháin atá beartaithe. Thairis sin, beidh na sonraí maidir le cainníochtú, faireachán agus tuairisciú, fíorú a bhailigh EEA ina príomhfhoinse faisnéise don Choimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme an Rialacháin atá beartaithe. Anuas air sin, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar úsáid gníomhaíochtaí aistrithe carbóin deimhnithe trí thuarascálacha bliantúla na scéimeanna deimhniúcháin arna n-aithint ag an gCoimisiún. Ar deireadh, déanann an Coimisiún staidéir go tráthrialta ar ghnéithe ábhartha éagsúla de bheartas aeráide an Aontais.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an chistithe, leis na módúlachtaí íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Neamhbhainteach - Ní chuirtear clár airgeadais nua chun feidhme leis an togra ach ceaptar beartas fadtéarmach leis. Níl feidhm le modh bainistíochta, cur chun feidhme sásraí maoinithe, módúlachtaí íocaíochta agus straitéis rialaithe maidir le rátaí earráide. Chun an togra seo a chur chun feidhme, beidh gá le hacmhainní daonna a ath-imlonnú laistigh den Choimisiún le haghaidh na gcéimeanna tosaigh agus na gcéimeanna oibríochtúla ar scála iomlán araon. Tá nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Ní eascraíonn rialuithe/rioscaí suntasacha nua nach gcumhdófaí faoi chreat rialaithe inmheánaigh atá ann cheana mar gheall ar an togra seo. Níor beartaíodh aon bheart sonrach eile seachas cur i bhfeidhm an Rialacháin Airgeadais.

*2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Beidh feidhm ag straitéis AS CLIMA maidir le calaois a chosc agus a bhrath.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n- imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | An cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | Difreáilte/ Neamhdhifreáilte[43]. | ó thíortha de chuid CSTE[44] | ó thíortha is iarrthóirí[45] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 3 | 09 02 03 | Difreáilte | IS EA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |
| 3 | 09 10 02 | Difreáilte | IS EA | IS EA | IS EA | NÍ hEA |
| 7 | 20 01 02 01 | Neamhdhifreáilte | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |
| 7 | 20 02 06 01 | Neamhdhifreáilte | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |
| 7 | 20 02 06 02 | Neamhdhifreáilte | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |
| 7 | 20 02 06 03 | Neamhdhifreáilte | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

Ní bhaineann le hábhar

43 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
44 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
45 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

### 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 3 | Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol |
|---|---|---|

| AS: CLIMA | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○ Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| 09 02 03 | Gealltanais | (1a) | 3.000 | 2.000 | - | - | **5.000** |
| | Íocaíochtaí | (2 a) | 1.000 | 2.000 | 2.000 | - | **5.000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach[46] | | | | | | | |
| XXX | | (3) | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh AS**CLIMA | Gealltanais | =1a+ 1 b + 3 | 3.000 | 2.000 | | | **5.000** |
| | Íocaíochtaí | =2 a+ 2 b +3 | 1.000 | 2.000 | 2.000 | - | **5.000** |

46 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ○IOMLÁN leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 3.000 | 2.000 | | | **5.000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 1.000 | 2.000 | 2.000 | - | **5.000** |
| ○IOMLÁN leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach clár sonrach | | (6) | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 3** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+ 6 | 3.000 | 2.000 | | | **5.000** |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | 1.000 | 2.000 | 2.000 | - | **5.000** |

**Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal oibríochta amháin, líon isteach an chuid thuas arís i gcás gach ceann de na ceannteidil sin:**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+ 6 | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+ 6 | | | | | |

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | 7 | ‘Caiteachas riaracháin’ |
|---|---|---|

Chun an chuid seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na ‘sonraí buiséid de chineál riaracháin’ atá le hiontráil ar dtús san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críocha comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AS: CLIMA | | | | | | |
| ○Acmhainní daonna | | 0.785 | 1.099 | 1.099 | 1.099 | 4.082 |
| ○Caiteachas riaracháin eile | | 0.070 | 0.070 | 0.070 | 0.070 | **0.280** |
| **IOMLÁN AS CLIMA** | Leithreasuithe | **0.855** | **1.169** | **1.169** | **1.169** | **4.362** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | **0.855** | **1.169** | **1.169** | **1.169** | **4.362** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 3.855 | 3.169 | 1.169 | 1.169 | 9.362 |
| | Íocaíochtaí | 1.855 | 3.169 | 3.169 | 1.169 | 9.362 |

### *3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Cineál[47] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[48]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

47 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí atá le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

48 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0.785 | 1.099 | 1.099 | 1.099 | **4.082** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0.070 | 0.070 | 0.070 | 0.070 | **0.280** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | **0.855** | **1.169** | **1.169** | **1.169** | **4.362** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7[49] den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | | | | | |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0.855** | **1.169** | **1.169** | **1.169** | **4.362** |

Cumhdófar na hacmhainní daonna is gá agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

49 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte 'BA') a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| | | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|
| **○Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 5 | 7 | 7 | 7 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí) | | | | | |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | | | | |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | |
| **○ Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[50] | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END, INT ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | | | | |
| 20 02 03 (AC, AL, END, INT agus JPD sna toscaireachtaí) | | | | | |
| **XX** 01 xx **yy zz** [51] | - sa Cheanncheathrú | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | |
| 01 01 01 02 (AC, END, INT - Taighde indíreach) | | | | | |
| 01 01 01 12 (AC, END, INT - Taighde díreach) | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **5** | **7** | **7** | **7** |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Tacóidh post AST leis an mbainistiú a dhéanfar ar an nGrúpa Saineolaithe ábhartha agus ar an gCoiste Rialála.<br>Déanfaidh poist AD an méid seo a leanas:<br>- Roinnt gníomhartha tarmligthe a ullmhú ina leagtar amach modheolaíochtaí deimhniúcháin mionsonraithe chun comhlíonadh chritéir cháilíochta an Aontais le haghaidh aistrithe carbóin a léiriú.<br>- Roinnt gníomhartha cur chun feidhme a ullmhú chun rialacha a leagan amach maidir le deimhniú gníomhaíochtaí aistrithe carbóin, maidir le rialachas scéimeanna deimhniúcháin agus maidir le clárlanna poiblí aistrithe carbóin a bhunú agus a bhainistiú.<br>- Measúnú a dhéanamh ar scéimeanna deimhniúcháin a dhéanann iarratas ar aitheantas ón gCoimisiún agus na Cinntí gaolmhara ón gCoimisiún a ullmhú. |

50 AC = Ball foirne ar conradh; AL= Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

51 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte 'BA').

| | |
|---|---|
| | - Tograí beartais a ullmhú i réimsí na n-aistrithe carbóin don tréimhse tar éis 2030. |
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

| Tabhófar an caiteachas laistigh d'imchlúdach LIFE |
|---|

☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

☐ tá gá le hathbhreithniú ar CAI.

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

| | Bliain **N**[52] | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

52 Is í bliain N an bhliain a chuirfear tús le cur chun feidhme an togra/tionscnaimh. Is gá an chéad bhliain cur chun feidhme a mheastar a bheidh ann a chur in ionad 'N' (mar shampla: 2021). Is gá an rud céanna a dhéanamh i gcás na mblianta eile.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam..

☐ beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[53] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

53 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.